Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Deireadh Fómhair 2020**
**(OR. en)**

**11413/20**

**COSI 142**
**JAIEX 88**
**CORDROGUE 50**
**CT 74**
**COPS 306**
**CRIMORG 74**
**IXIM 97**
**ENFOPOL 231**
**ENFOCUSTOM 101**
**CYBER 184**
**JAI 765**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9478/2/20 REV 2 |
| Ábhar: | Tuarascáil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig na Parlaimintí náisiúnta maidir le himeachtaí an Bhuanchoiste um an gcomhar oibríochtúil sa tslándáil inmheánach don tréimhse Eanáir 2019 - Meitheamh 2020 |

I gcomhréir le hAirteagal 71 CFAE agus le hAirteagal 6(2) de Chinneadh 2010/131/AE ón gComhairle lena mbunaítear an Buanchoiste um an gcomhar oibríochtúil sa tslándáil inmheánach (COSI), cuirfidh an Chomhairle imeachtaí an Bhuanchoiste in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus do na Parlaimintí náisiúnta.

Tá an Tuarascáil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig na Parlaimintí náisiúnta maidir le himeachtaí COSI don tréimhse Eanáir 2019 go Meitheamh 2020, mar a chomhaontaigh COSI í, i ndiaidh na físchomhdhála neamhfhoirmiúla a bhí ag comhaltaí an Choiste an 23 Meán Fómhair 2020 ar fáil san Iarscríbhinn.

**IARSCRÍBHINN**

**Tuarascáil chuig Parlaimint na hEorpa agus na Parlaimintí náisiúnta maidir le himeachtaí an Bhuanchoiste um an gcomhar oibríochtúil sa tslándáil inmheánach (COSI) don tréimhse Eanáir 2019 – Meitheamh 2020**

Clár


1. Achoimre ..... 5

2. Ábhair chothrománacha ..... 11

2.1 Todhchaí shlándáil inmheánach an Aontais ..... 11

2.2 Forbairtí teicneolaíochta agus an tslándáil inmheánach ..... 13

2.2.1 Mol Nuálaíochta an Aontais Eorpaigh don tslándáil inmheánach ..... 13

2.2.2 Conclúidí ón gComhairle NAI ..... 14

2.3 Tionchar COVID-19 ar an tslándáil inmheánach agus leanúnachas oibríochtúil a chothabháil.. ..... 14

3. An fhrithsceimhlitheoireacht ..... 16

3.1 Freagairt an Aontais ar an sceimhlitheoireacht ..... 16

3.2 Faisnéis ón láthair chatha ..... 17

3.3 FTFanna fillte ..... 17

3.4 Antoisceachas foréigneach na heite deise ..... 18

3.5 Measúnú an Aontais ar bhagairt na frithsceimhlitheoireachta ..... 18

3.6 Bagairt CBRN ..... 19

3.7 An frith-Sheimíteachas a chomhrac: an staid mar atá agus na chéad chéimeanna eile ..... 20

4. Timthriall beartais an Aontais do choireacht idirnáisiúnta eagraithe thromchúiseach/EMPACT ..... 20

4.1 Cur chun feidhme agus athbhreithniú Thimthriall Beartais an Aontais Eorpaigh maidir le coireacht idirnáisiúnta eagraithe thromchúiseach ..... 21

4.2 SOCTA AE 2021 ..... 21

4.3 Meastóireacht neamhspleách ..... 22

4.4 Cistiú ..... 23

4.5 Sásra tuairiscithe ..... 24

4.6 Infheictheacht ..... 24

4.7 Laethanta Gníomhaíochta Comhpháirtí ..... 25

5. Coireacht idirnáisiúnta eagraithe thromchúiseach – fócas téamach ........ 26

5.1 Imscrúduithe airgeadais a fheabhsú, lena n-áirítear Oifigí um Aisghabháil Sócmhainní .. 26

5.2 Gáinneáil aindleathach ar dhrugaí ........ 27

5.3 Smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine ........ 28

5.4 Grúpaí eagraithe ar aon dul leis an Mafia ........ 29

5.5 Calaois Doiciméad ........ 29

6. Nasc Inmheánach/Seachtrach ........ 30

6.1 omhar CBSC-CGB: Comhshocrú sibhialtach CBSC ........ 30

6.2 Bagairtí hibrideacha ........ 30

7. Comhar le comhpháirtithe na mBalcán Thiar ........ 32

8. Bainistiú Faisnéise ........ 34

9. Custam: cur le rannchuidiú lucht custaim leis an tslándáil inmheánach ........ 36

10. Oiliúint ........ 37

11. Ról Ghrúpa Tacaíochta COSI ........ 38

12. Conclúidí ........ 38

13. Iarscríbhinn I – Cruinnithe COSI & COSI-An Coiste Polaitiúil agus Slándála Eanáir 2019 – Meitheamh 2020 ........ 39

14. Iarscríbhinn II – Giorruithe ........ 40

15. Iarscríbhinn III - EMPACT Bileog eolais ghinearálta OAPanna 2019 ........ 42

Seo í an seachtú tuarascáil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig na Parlaimintí náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 71 CFAE agus le hAirteagal 6(2) de Chinneadh 2010/131/AE1 ón gComhairle lena mbunaítear an Buanchoiste um an gcomhar oibríochtúil sa tslándáil inmheánach (COSI), lena bhforáiltear go gcaithfidh an Chomhairle imeachtaí an Bhuanchoiste a chur in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus do na Parlaimintí náisiúnta.

Cuirtear i láthair sa tuarascáil seo **gníomhaíochtaí COSI le linn na tréimhse Eanáir 2019 - Meitheamh 2020**, tráth a raibh Uachtaránacht na Comhairle ag an Rómáin, ag an bhFionlainn agus ag an gCróit.

## 1. ACHOIMRE

Faoi fhoireann trí Uachtaránacht na Rómáine, na Fionlainne agus na Cróite, lean COSI de bheith ag comhlíonadh a shainordaithe, is é sin **comhar oibríochtúil** na mBallstát i réimse na slándála inmheánaí **a chomhordú, a chur chun cinn, agus a neartú**. Sa cháil sin, bhí COSI ina chomhlacht faireacháin, ina chomhlacht comhairleach agus ina chomhlacht cinnteoireachta i dtaca le hionadaithe sinsearacha agus le saineolaithe as Ballstáit uile an Aontais, agus, i gcás inarbh ghá, leis na gníomhaireachtaí ábhartha CGB, ag cruthú sineirgí idir póilíní, lucht custaim, gardaí teorann, údaráis bhreithiúnacha agus gníomhaithe ábhartha eile.

Tá a lán forbairtí, dul chun cinn agus torthaí oibríochtúla nithiúla feicthe ag COSI faoin bhfoireann trí Uachtaránacht ach bhí dúshláin os a chomhair de dheasca phaindéim COVID-19 atá ann faoi láthair agus dhéileáil sé leis na dúshláin sin chomh maith leis na deacrachtaí a bhain leis an bpaindéim.

Le linn na tréimhse ó Eanáir 2019 go Meitheamh 2020, threoraigh COSI forbairt agus dul chun cinn roinnt **ábhar cothrománach**.

Leis an díospóireacht uileghabhálach faoi **thodhchaí shlándáil inmheánach an Aontais**, léiríodh gníomhaíochtaí an Choiste sa tréimhse tuairiscithe i gcur chun feidhme an Chláir Oibre Straitéisigh 2019 - 2024 i réimse an Cheartais agus Gnóthaí Baile. Cuireadh tús leis sa chéad leath de 2019 faoi Uachtaránacht na Rómáine[1], forbraíodh go mion é faoi Uachtaránacht na Fionlainne sa dara leath de 2019 agus rinneadh obair leantach air le linn Uachtaránacht na Cróite in 2020. Bhí sraith díospóireachtaí téamacha ar roinnt réimsí oibre cothrománacha faoi stiúir COSI ann mar ullmhúchán don phlé a rinne an Chomhairle sa dara leath de 2019, lena n-áirítear feabhas a chur ar an gcreat comhair oibríochtúil d'fhorfheidhmiú an dlí, tionchar na dteicneolaíochtaí nua agus bagairtí hibrideacha ar an tslándáil inmheánach, ról ghníomhaireachtaí CGB an Aontais chomh maith le bainistiú agus uathoibriú faisnéise, agus oiliúint do LEA.

1 9393/19

I mí na Nollag 2019, dhaingnigh an Chomhairle na sruthanna oibre cothrománacha a leagtar amach sa Tuarascáil ó Uachtaránacht na Fionlainne[2] d'fhonn forbairtí amach anseo i réimse na slándála inmheánaí a threorú. Maidir le dlús a chur leis an gcur chuige comhtháite i leith na slándála agus béim á leagan ar chomhar feabhsaithe idirghníomhaireachta agus trasearnála, agus aghaidh a thabhairt ar an ngá agus ar na modhanna féideartha chun tacú le húdaráis forfheidhmithe dlí ar fud an Aontais maidir le claochlú digiteach, ba théamaí tábhachtacha iad, agus urraim do chearta bunúsacha agus don smacht reachta mar bhonn taca leo.

Ba théama trasearnála é **ról ghníomhaireachtaí CGB an Aontais** i gcás roinnt príomhábhar amhail forbairtí teicneolaíocha agus tionchar na dteicneolaíochtaí suaiteacha, comhdhlúthú an chreata um bainistiú faisnéise don tslándáil inmheánach agus béim á leagan ar fheabhas a chur ar acmhainneachtaí anailíse sonraí chomh maith leis an gcreat le haghaidh comhar oibríochtúil i bhforfheidhmiú an dlí a neartú.

Thug COSI aghaidh ar na dúshláin atá roimh an tslándáil inmheánach i ndomhan atá ag éirí níos cumasaithe de réir a chéile ó thaobh na teicneolaíochta agus cúrsaí digiteacha de. Agus an méid sin á chur san áireamh, ní mór d'fhorfheidhmiú an dlí a bheith in ann coinneáil suas leis na forbairtí sin. Mar chuid den mhachnamh ginearálta faoi thodhchaí shlándáil inmheánach an Aontais, chuir na Ballstáit in iúl go dtacaíonn siad leis an bplean chun **mol nuálaíochta CGB** a chruthú ag Europol, ar thug na hAirí sainordú ina leith ag an gComhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile i mí Dheireadh Fómhair 2019. In 2020, iarradh ar COSI na príomhphrionsabail maidir le bunú Mhol Nuálaíochta an Aontais Eorpaigh don tSlándáil Inmheánach a dhaingniú agus a oibríochtú, ag tógáil ar shainordú na Comhairle i.e. fócas cuimsitheach ar an tslándáil inmheánach, cur chuige ilghníomhaireachta ina mbaintear leas as comhlántacht agus sineirgí na n-acmhainneachtaí atá ann cheana, na cuimsitheachta agus an tseachadta chomhchoiteann d'fhonn aghaidh a thabhairt ar riachtanais na ngníomhaithe slándála agus deiseanna a shainaithint chun nuálaíocht a chur chun cinn

Chuir **paindéim COVID-19** isteach go mór ar ár sochaí agus tá athruithe tagtha ar fhorfheidhmhiú an dlí agus ar an tslándáil inmheánach dá réir sin. Ó ráig na paindéime, dhírigh COSI ar a chlár oibre a atreorú go pras chun súil ghéar a choinneáil ar an tionchar a bhí ag an bpaindéim ar an tslándáil inmheánach. Le tacaíocht ó ghníomhaireachtaí CGB, áirithíodh feasacht staide an-mhaith maidir le forbairtí i dtimpeallacht na coireachta agus rinneadh faireachán rialta air. Tugadh aird ar leith freisin ar chaomhnú an leanúnachais oibríochtúil le hiarraidh shoiléir ó na Ballstáit chun creat de chuid an Aontais le haghaidh comhar oibríochtúil a chomhdhlúthú agus réitigh TF ar fud an Aontais a fhorbairt le haghaidh nascacht mhéadaithe agus malartú faisnéise a chothú amach anseo.

[2] 14297/19

Thairis sin, lean COSI d'fhaireachán, de chomhairle agus de chúnamh a thabhairt maidir leis an gcinnteoireacht le linn na paindéime trí mhodhanna oibre malartacha amhail nósanna imeachta i scríbhinn a úsáid do Ghrúpa Tacaíochta COSI agus nósanna imeachta i scríbhinn chomh maith le glaonna físchomhdhála le toscaireachtaí a úsáid do chruinnithe COSI.

Ba thosaíocht bhuan ar chlár oibre COSI i gcónaí é **an fhrithsceimhlitheoireacht**.

I dteannta an mheasúnaithe ar bhagairt na frithsceimhlitheoireachta, tugadh aird ar leith don mhéid a thit amach maidir le **trodaithe eachtracha sceimhlitheoireachta**, lena n-áirítear trodaithe fillte. Is cúis mhór imní ar an leibhéal polaitiúil agus oibríochtúil é an bhagairt sceimhlitheoireachta a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar na trodaithe sin. Phléigh COSI leagan amach próisis chun faisnéis arna fáil ó thríú tíortha iontaofa maidir le FTFanna atá faoi dhrochamhras a iontráil in SIS, malartú é seo a thug tuiscint níos fearr ar na deiseanna atá ann cheana faoi reachtaíocht an Aontais agus faoin reachtaíocht náisiúnta agus chun gnéithe a shainaithint a d'fhéadfaí a chuíchóiriú a thuilleadh. Sa bhreis ar an bplé domhain a bhí ag na saineolaithe sa Mheitheal um Sceimhlitheoireacht sa dara leath de 2019, chomhdhlúthaigh COSI an creat chun freagairt níos cuíchóirithe a thabhairt ar **antoisceachas foréigneach na heite deise** mar ullmhúchán do dhíospóireacht na Comhairle, rud a d'fhág gur formheasadh maitrís de ghníomhaíochtaí tosaíochta chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin.

Lean COSI den ról lárnach atá aige a fheidhmiú i dtaca le **timthriall beartais an Aontais** do choireacht idirnáisiúnta eagraithe thromchúiseach/EMPACT a stiúradh. Mar a leagtar amach i dtéarmaí tagartha thimthriall beartais an Aontais, lean COSI, le cúnamh óna Ghrúpa Tacaíochta sa Chomhairle, de na pleananna gníomhaíochta oibriúcháin a mheasúnú, agus faireachán á dhéanamh ar rannpháirtíocht na mBallstát agus gníomhaithe eile, chun a dtiomantas agus leithdháileadh riachtanach na n-acmhainní daonna agus airgeadais a áirithiú. Lean an Coiste arís d'fhaireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn na bpleananna gníomhaíochta oibriúcháin, faoi dhó sa bhliain, ar bhonn na dtorthaí a aimsíonn Europol maidir le cur chun feidhme na bpleananna gníomhaíochta oibriúcháin agus ar bhonn na dtuarascálacha ó stiúrthóirí agus ó chomhordaitheoirí náisiúnta EMPACT.

Le linn na tréimhse tuairiscithe, díríodh ar an sásra tuairiscithe a shimpliú d'fhonn tuarascálacha níos cuíchóirithe maidir le cur chun feidhme pleananna gníomhaíochta oibriúcháin a áirithiú ar mhaithe le faireachán níos fearr a dhéanamh ar an gcur chun feidhme. Cuireadh sásra tuairiscithe nua ar fáil i mí Feabhra 2020. Le linn na tréimhse seo, réitigh COSI an bealach freisin do ghlacadh an chéad Mheasúnú ar Bhagairt na Coireachta Tromchúisí Eagraithe eile lena saineofar **tosaíochtaí coireachta an Aontais don tréimhse 2022-2025.** Faoin aicme sin phléigh COSI an **Measúnú ar Bhagairt na Coireachta Tromchúisí Eagraithe - riachtanais chustaiméirí**[3] chomh maith leis an **Measúnú ar Bhagairt na Coireachta Tromchúisí Eagraithe - modheolaíocht athbhreithnithe**[4] agus tháinig sé ar chomhaontú ina leith.

---

[3] 9038/1/19 REV 1

[4] 13732/1/19 REV 1

Leagadh tuilleadh béime ar an ngá atá le **hinfheictheacht thimthriall beartais an Aontais** a fheabhsú chun béim a leagan ar na torthaí láidre oibríochtúla a fuarthas sa chomhrac i gcoinne na coireachta idirnáisiúnta eagraithe tromchúisí. Déanfar **treochlár cumarsáide** a fhorbairt chun feabhas a chur ar infheictheacht EMPACT san fhadtéarma. Chun torthaí oibríochtúla thimthriall beartais an Aontais/EMPACT a thabhairt níos gaire don phobal, cuireadh **bileoga eolais**[5] na dtorthaí oibríochtúla ar fáil don phobal mar aon leis an **bhfíseán fógraíochta** bliantúil[6].

Maidir leis an **gcoireacht idirnáisiúnta eagraithe thromchúiseach**, dhírigh COSI ar roinnt réimsí oibre téamacha. Tionóladh díospóireacht bheartais maidir le **himscrúduithe airgeadais a fheabhsú** d'fhonn cur i gcoinne na coireachta eagraithe tromchúisí, agus leagadh béim ar an ngá atá le cur chuige níos cuimsithí i leith imscrúduithe airgeadais, lena gcumhdaítear bearta maidir le haisghabháil agus coigistiú sócmhainní, maidir le comhar idir Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais (AFAnna), agus ról Europol sa chomhar sin, maidir le hairgead tirim agus íocaíochtaí fíorúla.

I bhfianaise na díospóireachta sin, rinneadh obair maidir leis na conclúidí ón gComhairle, a glacadh i Meitheamh 2020[7], sa Mheitheal um Fhorfheidhmiú an Dlí.

Bhí díospóireacht théamach ag COSI i bhfianaise **Thuarascáil 2019 maidir le Margaí Drugaí an Aontais**, agus thug sé dá aire go bhfuil margadh drugaí an Aontais ag éirí níos casta, níos oiriúnaithí agus níos nuálaí agus béim á leagan aige ar an ngá atá le scrúdú a dhéanamh ar na snáitheanna beartais a d'fhéadfaí a fhorbairt a thuilleadh chun an fhreagairt do thimpeallacht na gáinneála ar dhrugaí atá ag síorathrú a neartú. Maidir leis an mbagairt a bhaineann leis do shlándáil na hEorpa agus na dúshláin atá os comhair ceapadh beartais agus fhorfheidhmiú an dlí, tugadh aghaidh orthu agus béim á leagan ar an ngá atá le haird athnuaite a thabhairt do gháinneáil ar dhrugaí faoi chuimsiú beartas comhtháite cothrom atá bunaithe ar fhianaise maidir le drugaí, agus é sin á chur in iúl ag fadbhreathnaitheacht. Bunaithe ar an treoir a chuir COSI ar fáil, iarradh ar an Meitheal Chothrománach um Dhrugaí, arna atreisiú ag an Meitheal um Fhorfheidhmiú an Dlí, céimeanna sonracha a shainaithint a d'fhéadfaí a ghlacadh chun feabhas a chur ar fhreagairt an Aontais ar gháinneáil ar dhrugaí[8]. I mí na Bealtaine 2020, d'fhormhuinigh COSI **tacar straitéiseach oibríochtúil beart chun feabhas a chur ar an bhfreagairt ar gháinneáil ar dhrugaí**[9].

---

5 7623/20
6 https://newsroom.consilium.europa.eu/embed/219485
7 8605/20
8 5756/20
9 7743/20 a ndearnadh athbhreithniú air ina dhiaidh sin de bhun COSI 7743/1/20 REV 1

Ba dhlúthfhócas i gcónaí do COSI é feabhas a chur ar **an bhfreagairt ar ghréasáin smuigleála imirceach**.

Mar obair leantach ar chruinniú neamhfhoirmiúil na n-airí Ceartais agus Gnóthaí Baile an 23 Eanáir 2020, bhí malartú tuairimí ag COSI i bhfianaise na tuarascála comhpháirtí ó Europol, ó Frontex agus ó EASO maidir le **dul i ngleic le smuigleáil imirceach sna Balcáin Thiar**. Thacaigh na toscaireachtaí le forbairt a dhéanamh ar mhalartú feabhsaithe faisnéise sna Balcáin Thiar a d'fhéadfaí a mhúnlú ar shásraí an Aontais atá ann cheana. Measadh go raibh tairbhe ag baint le láithreacht mhéadaithe ghníomhaireachtaí an Aontais sa réigiún i gcásanna áirithe agus cuireadh i bhfios go láidir go bhfuil gá le comhordú níos dlúithe idir gníomhaithe éagsúla an Aontais. Ag tógáil ar na dea-thorthaí oibríochtúla dó, mhol an Coiste go mbeadh comhpháirtithe na mBalcán Thiar rannpháirteach ar bhealach níos láidre i dTimthriall Beartais an Aontais/EMPACT.

Tar éis Comhshocrú Sibhialtach CBSC a ghlacadh, leanadh leis na hiarrachtaí a bhaineann le comhar agus le neartú na sineirgí agus na comhlántachta idir struchtúir shibhialtacha CBSC agus gníomhaithe CGB. Faoin **nasc inmheánach – seachtrach**, dhírigh COSI agus an Coiste Polaitiúil agus Slándála sa tréimhse sin ar chur chun feidhme Chomhshocrú Sibhialtach CBSC. Cuireadh trí mhionchoincheap ar leith maidir leis na dúshláin slándála a sainaithníodh sa Chomhshocrú i láthair i gcruinnithe comhpháirteacha de chuid CGB-CBSC-mheithleacha na Comhairle go dtí seo agus tá obair faoi lán seoil. Tá tacaíocht ghinearálta ann do chur chuige an mhionchoincheapa maidir leis an gComhshocrú Sibhialtach a chur i bhfeidhm trí thionscadail nithiúla agus trí threoirthionscadail i ndáil leis na misin leasa.

Thug COSI aghaidh ar **bhagairtí hibrideacha** i bhfoirm thoradh plé beartais cásbhunaithe a reáchtáladh ag cruinniú neamhfhoirmiúil na n-airí i Heilsincí i mí Iúil 2019. Chomhaontaigh na toscaireachtaí gur cheart don Aontas cur chuige ilearnálach, náisiúnta a ghlacadh agus leag siad béim ar an ról atá ag gníomhaireachtaí an Aontais chun tacú le hiarrachtaí na mBallstát. I bhfianaise an phlé, thionóil an Chomhairle plé beartais i mí Dheireadh Fómhair 2019.

Ba **thosaíocht** a tugadh os comhair COSI i gcónaí é **comhar leis na Balcáin Thiar**. Tá sé tábhachtach comhpháirtithe na mBalcán Thiar a thabhairt níos gaire do chaighdeáin agus sásraí oibríochtúla an Aontais ar mhaithe le slándáil na hEorpa ina hiomláine, mar atá leagtha amach ag Uachtaránacht HR.

Thug COSI aghaidh ar **bhainistiú faisnéise** mar cheann de na díospóireachtaí téamacha maidir le todhchaí na slándála inmheánaí. Ar mhaithe leis na húsáideoirí deiridh, d'iarr na toscaireachtaí go mbeadh creat beartais cuimsitheach ann maidir le bainistiú faisnéise lena gcumhdófaí ciorcad iomlán na sonraí ó rochtain ar mhalartú agus úsáid éifeachtach, cáilíocht sonraí, anailís sonraí, uathoibriú agus bearta chun dul chun cinn struchtúrtha a áirithiú. Dhaingnigh COSI go bhfuil gá le huathoibriú breise, go háirithe i gcomhthéacs anailís mórshonraí. Tagraíodh d'aon toil do chur chun feidhme na hidir-inoibritheachta mar thosaíocht dhaingean agus iarradh go dtabharfaí tacaíocht leanúnach ón Aontas chun aghaidh a thabhairt ní hamháin ar an gcur chun feidhme teicniúil, ach freisin ar an ngá leis na 'dearcthaí' is gá a fhorbairt chun í a fheidhmiú go praiticiúil. D'iarr cuid de na toscaireachtaí go dtabharfaí níos mó airdill maidir le hIdir-inoibritheacht a leathnú chuig córais dhíláraithe sula ndaingneofaí cur chun feidhme iomlán an phacáiste.

**Dhírigh an Coiste go dlúth i gcónaí ar rannchuidiú na gcustam leis an tslándáil inmheánach a fheabhsú.** Phléigh COSI bealaí chun cinn a d'fhéadfaí a bheith ann chun an comhar sin a neartú a thuilleadh, rud a mheastar a bheith ríthábhachtach sa chomhrac i gcoinne na coireachta eagraithe[10]. Leag na toscaireachtaí béim ar chomhar dearfach na gcustam le timthriall beartais an Aontais maidir le coireacht idirnáisiúnta eagraithe thromchúiseach/EMPACT agus spreag siad sineirgí níos doimhne leis an 10ú Plean Gníomhaíochta Custaim.

Maidir le **hoiliúint an Aontais i bhforfheidhmiú an dlí**, téama cothrománach eile ó na díospóireachtaí faoi thodhchaí na slándála inmheánaí, tugadh tacaíocht do churaclaim chaighdeánaithe a fhorbairt le haghaidh gníomhaíochtaí oiliúna ar fud an Aontais, agus difríochtaí náisiúnta á gcur san áireamh, chomh maith le moltaí maidir le caighdeáin deimhniúcháin ardcháilíochta a bhunú. Tugadh tacaíocht d'aon toil do chláir mhalartaithe a fhorbairt tuilleadh.

Tugadh COSI cothrom le dáta go rialta maidir leis an gcomhar agus an idirghníomhaíocht idir gníomhaireachtaí CGB, mar shampla trí na Tuarascálacha ar ghníomhaíochtaí **Líonra ghníomhaireachtaí CGB**. Is Europol agus Eurojust atá ina gcathaoirleach ar an Líonra in 2019 agus 2020 faoi seach.

Arís eile, chuir **Ardrúnaíocht COSI** tacaíocht chobhsaí ar fáil chun obair COSI a éascú, go háirithe faoi chuimsiú Thimthriall Beartais an Aontais maidir le coireacht idirnáisiúnta eagraithe thromchúiseach. D'ullmhaigh sí pléití do COSI, trí mhíreanna áirithe níos teicniúla a thabhairt i gcrích nó trí phléití a chuíchóiriú agus a ullmhú do COSI.

---

[10] 7664/1/20 REV 1

## 2. ÁBHAIR CHOTHROMÁNACHA

2.1 Todhchaí shlándáil inmheánach an Aontais

I mí an Mheithimh 2019, bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle maidir le '**Todhchaí Phóilíneachta san Aontas**[11]' mar chuid den mhachnamh comhchoiteann ar threo na slándála inmheánaí amach anseo.

Agus í ag cur le clár oibre straitéiseach an Aontais, chuir Uachtaránacht na Fionlainne leis an bplé trí shraith pléití téamacha ar ghnéithe éagsúla den tslándáil inmheánach, den imirce agus den cheartas. Toradh na bpléití sin a chomhdhlúthú faoi dheireadh na bliana agus an seasamh ón gComhairle a dhaingniú maidir leis an treo a bheidh ann amach anseo i réimse CGB an cuspóir a bhí leis seo.

Díríodh go sonrach ar dhúshláin agus ar riachtanais i ndáil le cur chun feidhme éifeachtach na mbeart a glacadh, ar fhorbairtí teicneolaíochta, ar bhainistiú faisnéise, ar an oiliúint i bhforfheidhmiú an dlí, ar an gcomhar oibríochtúil, ar ról ghníomhaireachtaí CGB an Aontais, etc.

Cuireadh tús le plé ina dhiaidh sin i mí Iúil 2019, ag cruinniú neamhfhoirmiúil COSI, mar ullmhúchán don Chomhairle CGB neamhfhoirmiúil, plé a d'ardaigh tacar de phríomhábhair chothrománacha. Anuas air sin, rinneadh plé téamach sna meithleacha ábhartha, amhail an Mheitheal um Fhorfheidhmiú an Dlí, an Mheitheal um Sceimhlitheoireacht, agus an Mheitheal um Malartú Faisnéise (DAPIX IE) (IXIM), agus rinneadh iad a chóiriú a thuilleadh ag COSI do dhíospóireacht na n-airí. I measc roinnt de na hábhair ar tugadh aghaidh orthu go mion, bhí feabhas a chur ar an gcreat comhair oibríochtúil d'fhorfheidhmiú an dlí, tionchar na dteicneolaíochtaí nua agus na mbagairtí hibrideacha ar an tslándáil inmheánach, ról ghníomhaireachtaí CGB an Aontais, bainistiú faisnéise agus uathoibriú chomh maith le hoiliúint do LEA.

Ag an tsraith díospóireachtaí a cuireadh faoi bhráid COSI i mí Mheán Fómhair 2019, díríodh go sonrach ar theicneolaíochtaí nua agus ar an tslándáil inmheánach[12]. Leagadh amach ann tionchar na bhforbairtí teicneolaíochta i ndáil le forfheidhmiú an dlí, agus chuir COSI in iúl go dtacaíonn sé go hiomlán le '**Mol Nuálaíochta' don tslándáil inmheánach** inar cheart riachtanais fhorfheidhmiú an dlí a chur san áireamh go córasach agus teicneolaíochtaí nua á n-úsáid a chruthú.

[11] 9027/19
[12] 12224/19

Rinneadh achoimre ar an toradh a bhí ar na pléití téamacha éagsúla i dTuarascáil ón Uachtaránacht a cuireadh faoi bhráid na Comhairle i mí na Nollag 2019[13] inar leagadh amach ceithre phríomh-shaincheist.

Moladh go mbeadh **cur chuige réamhghníomhach i leith teicneolaíochtaí nua** ag údaráis forfheidhmithe dlí agus go mbeadh tacaíocht le fáil acu ón mol nuálaíochta atá beartaithe agus béim á leagan ar riachtanais na n-údarás forfheidhmithe dlí á gcur san áireamh.

Creat cuimsitheach **éifeachtach bainistithe faisnéise**, chun a áirithiú go bhfuil an fhaisnéis riachtanach uile atá ann inrochtana, próiseáilte, **anailísithe** agus malartaithe go tapa agus go héifeachtúil ionas go n-eascróidh gníomhaíocht as ar bhealach faisnéisbhunaithe.

Moladh, agus tagairt á déanamh don **chomhar trasteorann ildisciplíneach**, an gá athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat dlíthiúil le haghaidh comhar trasteorann i bhforfheidhmiú an dlí agus ar an sainordú atá ag Europol chun é a chur in oiriúint do dhálaí reatha agus do dhúshláin a bheidh ann amach anseo.

Moladh **cur chuige cuimsitheach maidir leis an tslándáil** chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí éagsúla atá ann don tslándáil inmheánach. Leagadh béim ar a thábhachtaí atá sé oibriú leis na hearnálacha beartais ábhartha uile agus leis na gníomhaithe ábhartha ar bhealach níos straitéisí, níos comhordaithe agus níos comhtháite.

Le linn na díospóireachta sin, a raibh cóineasú ann ina taobh, a bheag nó a mhór, maidir leis an ngá atá le hionchas airgeadais inbhuanaithe a áirithiú do ghníomhaireachtaí CGB an Aontais agus do Europol go háirithe, chomh maith le leithdháileadh leordhóthanach acmhainní do thosaíochtaí na slándála inmheánaí i gcomhthéacs timpeallacht slándála atá ag síorathrú agus atá ag athrú go tapa. Sa chomhthéacs sin, thug na toscaireachtaí dá n-aire an staid mar atá i ndáil leis an gcaibidlíocht maidir leis an gcéad CAI eile don tréimhse 2021-2027[14] agus chomhaontaigh siad gur gá idirchaidreamh a dhéanamh leis na hAireachtaí Airgeadais ar an leibhéal náisiúnta lena chinntiú go gcuirfear san áireamh an gá atá le cistí a leithdháileadh go comhréireach do thosaíochtaí na slándála inmheánaí agus Rialachán Ginearálta CAI á chaibidil.

[13] 14297/19
[14] 9034/19

2.2 Forbairtí teicneolaíochta agus an tslándáil inmheánach

2.2.1 Mol Nuálaíochta an Aontais Eorpaigh don tslándáil inmheánach

Mar ullmhúchán don díospóireacht sa Chomhairle maidir le teicneolaíochtaí nua agus an tslándáil inmheánach[15], bhí malartú tuairimí ag an gCoiste i mí Mheán Fómhair 2019 mar chuid den mhachnamh ginearálta faoi thodhchaí shlándáil inmheánach an Aontais. Thacaigh na toscaireachtaí leis an moladh go gcruthófaí **mol nuálaíochta CGB** arna óstáil ag Europol, agus leag siad béim ag an am céanna ar an ngá atá le **cistiú leordhóthanach** a áirithiú dá fheidhmiú. I mí Dheireadh Fómhair thug an Chomhairle sainordú leathan chun na críche sin.

Chun dlús a chur leis an obair maidir le mol nuálaíochta an Aontais a bhunú, iarradh ar COSI i mí Feabhra 2020 na príomhphrionsabail[16] maidir le bunú mhol nuálaíochta an Aontais Eorpaigh don tSlándáil Inmheánach a dhaingniú, ag tógáil ar shainordú na Comhairle i.e. fócas cuimsitheach ar an tslándáil inmheánach, cur chuige ilghníomhaireachta ina mbaintear leas as comhlántacht agus sineirgí na n-acmhainneachtaí atá ann cheana, na cuimsitheachta agus an tseachadta chomhchoiteann d'fhonn aghaidh a thabhairt ar riachtanais na ngníomhaithe slándála agus deiseanna a shainaithint le haghaidh forbairtí amach anseo. Leag an Coiste béim ar an ngá atá le samhail oibríochtúil agus airgeadais an mhoil a fhorbairt a thuilleadh. Iarradh ar ghníomhaireachtaí ábhartha CGB treoirthionscadail a chur i láthair, a léireodh an breisluach a ghabhfadh le cur chuige idirghníomhaireachta, trí bhíthin mhol nuálaíochta an Aontais.

Bhí plé neamhfhoirmiúil VTC ag COSI i mí na Bealtaine 2020 chun soiléiriú breise a dhéanamh ar na príomhphrionsabail chun mol nuálaíochta an Aontais don tslándáil inmheánach[17] a bhunú tar éis teacht ar chomhaontú ginearálta ar chreat an mhoil ag cruinniú COSI i mí Feabhra.

Déanfaidh Europol, agus tacaíocht á fáil aige ón gCoimisiún, comhordú ar na socruithe riaracháin is gá, lena n-áirítear rialacha nós imeachta a dhréachtú maidir le feidhmiú an ghrúpa stiúrtha, d'fhonn formhuiniú a fháil ó COSI.

---

15 12224/19
16 5757/20
17 7829/20

2.2.2 Conclúidí ón gComhairle NAI

Mar thoradh ar an tacaíocht leathan a chuir na hairí in iúl ag comhairle neamhfhoirmiúil CGB i mí Eanáir 2019 do thionscnamh na hUachtaránachta maidir le **Faisnéis Núíosach Inghníomhaithe (NAI)**, bhí malartú tuairimí ag COSI maidir le príomhghnéithe an choincheapa a chuir an Uachtaránacht ar aghaidh[18]. Chuir COSI i dtreis go láidir an gá práinneach atá le próiseas níos cuíchóirithe chun tacú le húdaráis forfheidhmithe dlí ar fud an Aontais chun teicneolaíochtaí agus uirlisí a bhaineann le réimse na sonraí digiteacha, lena n-áirítear tionscnaimh taighde agus nuála, a thuiscint, a fhorbairt agus a úsáid. Chuir Europol treochlár i láthair chun ardán comhroinnte faisnéise[19] a fhorbairt mar obair leantach ar an díospóireacht sin agus **ghlac an Chomhairle conclúidí** i mí an Mheithimh2019[20].

2.3 Tionchar COVID-19 ar an tslándáil inmheánach agus leanúnachas oibríochtúil a chothabháil.

Chuir COSI **tionchar COVID-19 ar an tslándáil inmheánach** agus leanúnachas oibríochtúil a chothabháil d'fhorfheidhmiú an dlí i gcroílár a chláir oibre in Earrach 2020[21]. Rinneadh an plé sin mar thoradh ar fhíschomhdháil neamhfhoirmiúil na nAirí Gnóthaí Baile i mí Aibreáin 2020, inar leagadh béim ar ghnéithe slándála na géarchéime.

Is iomaí sin athrú agus treocht nua atá tagtha chun cinn sa choireacht thromchúiseach eagraithe i ngeall ar phaindéim COVID-19, ní hamháin san Aontas Eorpach ach ar fud an domhain. I bhfianaise an ghaibhnithe agus na srianta ar thaisteal thar teorainn, tá na heagraíochtaí coiriúla tagtha isteach ar na cúinsí nua agus ag cur a ngníomhaíochtaí in oiriúint do shainiúlachtaí na paindéime. Tá méadú suntasach tagtha ar láithreacht ar líne na n-eagraíochtaí coiriúla agus iad ag díriú ar íospartaigh agus ar chustaiméirí ar an idirlíon, ar líonraí sóisialta agus ar an idirlíon dorcha. Spreag an phaindéim agus an gaibhniú féin gníomhaíocht choiriúil agus chalaoiseach a bhaineann le hearraí agus seirbhísí leighis. Tá an ghníomhaíocht choiriúil tagtha isteach go tapa ar phatrún an éilimh sa mhargadh domhanda faoi dhálaí nua COVID-19.

I bhfianaise na géarchéime, tá slógadh déanta ag an Aontas ar a chuid acmhainneachtaí chun a áirithiú go ndéanfar faireachán leanúnach ar éabhlóid an tírdhreacha choiriúil agus ar thionchar COVID-19 ar an tslándáil inmheánach chun forbairtí a thuar agus freagairtí a thabhairt.

[18] 9035/19
[19] 13731/19
[20] 9720/19
[21] 7828/20

Sa chomhthéacs sin, tá gá níos soiléire fós le scileanna atá oiriúnaithe don timpeallacht nua sin a chur ar fáil d'údaráis forfheidhmithe dlí agus d'údaráis bhreithiúnacha. Tá géarghá le réitigh TF atá solúbtha stóinsithe, ar mhéadú a dhéanamh ar leibhéal na réimsí nua saineolais agus ar acmhainní leordhóthanacha airgeadais. Gné eile ar ar tugadh aird ar leith ab ea an leanúnachas oibríochtúil a chaomhnú. I gcaitheamh an ghaibhnithe, coinníodh an leanúnachas sa chomhar oibríochtúil agus sa mhalartú faisnéise i gcás ina raibh réitigh TF, nascacht idir na húdaráis agus bealaí slána cumarsáide ar fáil. Tá iarraidh shoiléir déanta ag na Ballstáit go ndéanfaí creat de chuid an Aontais maidir leis an gcomhar oibríochtúil a chomhdhlúthú agus réitigh TF ar fud an Aontais a fhorbairt le haghaidh nascacht mhéadaithe agus malartú faisnéise a chothú amach anseo.

## 3. AN FHRITHSCEIMHLITHEOIREACHT

Cé gur tháinig meath ar líon agus ar thionchar na n-ionsaithe sceimhlitheoireachta in 2019 agus 2020, ba thosaíocht mhór ar chlár oibre COSI an fhrithsceimhlitheoireacht i gcónaí, lena gceanglaítear cur chuige ildisciplíneach chun dul i ngleic leis an mbagairt seo ar shlándáil inmheánach an Aontais.

3.1 Freagairt an Aontais ar an sceimhlitheoireacht

Mar ullmhúchán don díospóireacht sa Chomhairle in earrach 2019, rinne COSI a mhachnamh ar an dul chun cinn a rinneadh[22] ó 2015 i leith chun an sceimhlitheoireacht a chosc agus a chomhrac ar leibhéal an Aontais agus léirigh sé roghanna a d'fhéadfaí a dhéanamh maidir le gníomhaíocht amach anseo. Bhí ról tábhachtach ag Parlaimint na hEorpa (PE), mar chomhreachtóir, ní hamháin i nglacadh an iliomad comhad reachtach ach freisin in obair fhorleathan an Choiste Speisialta um Sceimhlitheoireacht[23] as ar eascair glacadh na tuarascála cuimsithí maidir leis an bhfrithsceimhlitheoireacht i mí na Nollag 2018, lena n-áirítear 227 moladh don obair a dhéanfar amach anseo sa réimse sin. Sheol an Uachtaránacht próiseas machnaimh maidir leis an mbealach chun cinn sa réimse sin, agus é á chur san áireamh gur iomaí sin athrú a tharla san Aontas in 2019, rud a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do bheartas slándála inmheánaí an Aontais, lena n-áirítear maidir le hiarrachtaí frithsceimhlitheoireachta.

Bhí malartú tuairimí ag an gCoiste, agus thug sé dá aire an gá atá le bearta a glacadh a chur chun feidhme agus aghaidh a thabhairt ar easnaimh phraiticiúla. Anuas air sin, leag sé béim ar an ngá atá ann naisc a fheabhsú agus an nasc idir an tslándáil inmheánach agus an tslándáil sheachtrach a fhorbairt a thuilleadh i réimse na frithsceimhlitheoireachta.

[22] 5569/19
[23] 15093/2018

3.2 Faisnéis ón láthair chatha

Phléigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála agus COSI an tsaincheist a bhaineann le faisnéis **ón láthair chatha** ar bhonn páipéir agus cur i láthair ó Chomhordaitheoir Frithsceimhlitheoireachta an Aontais[24]. Dhírigh an malartú ar an ngá atá le dlús a chur le hinfhaighteacht faisnéise ón láthair chatha ar mhaithe le trí chuspóir faoi leith a chur i gcrích: rialú ag teorainneacha, imscrúdú agus ionchúiseamh. Ba dhíol sásaimh do na toscaireachtaí an dul chun cinn a rinneadh ó bhí an plé deireanach ann i mí Iúil 2017 agus leag siad béim ar chineál cothrománach an bhailiúcháin agus úsáid faisnéise ón láthair chatha ina bhfuil roinnt gníomhaithe agus gnéithe páirteach, sna réimsí míleata, forfheidhmiú an dlí agus breithiúnach.

3.3. FTFanna fillte

Is cúis mhór imní ar an leibhéal polaitiúil agus oibríochtúil é staid na dtrodaithe eachtracha sceimhlitheoireachta, lena n-áirítear iad siúd a d'fhill, agus an bhagairt sceimhlitheoireachta a d'fhéadfadh a bheith ann. I bhfianaise ghníomhaíocht mhíleata na Tuirce in Oirthuaisceart na Siria agus ó tharla an réigiún sin a bheith chomh neamhshocair is atá anois agus le fada, tá imní níos géire ann maidir le FTFanna atá faoi dhrochamhras a bheith ag teacht ar ais i ngan fhios. Tá sé ríthábhachtach go mbraithfí FTFanna neamh-Eorpacha má fhéachann siad le teorainneacha seachtracha an Aontais a thrasnú agus go ngníomhófaí ar fhaisnéis a fháil maidir le céannacht FTFanna neamh-Eorpacha atá faoi dhrochamhras. Bhí malartú tuairimí ag COSI maidir le próiseas a leagan amach chun faisnéis arna fáil ó thríú tíortha iontaofa maidir le FTFanna atá faoi dhrochamhras a iontráil in SIS,[25] malartú é seo a thug tuiscint níos fearr ar na deiseanna atá ann cheana faoi reachtaíocht an Aontais agus faoin reachtaíocht náisiúnta agus chun gnéithe a shainaithint a d'fhéadfaí a chuíchóiriú a thuilleadh.

[24] 6336/19 EU RESTRICTED / RESTREINT UE + ADD 1 EU RESTRICTED / RESTREINT UE + ADD 2

[25] 7741/20

3.4 Antoisceachas foréigneach na heite deise

Measadh go raibh sé tráthúil agus ábhartha an díospóireacht sin a chur ar aghaidh chun plé polaitiúil ardleibhéil a dhéanamh, i bhfianaise na n-ionsaithe a rinneadh le déanaí mar gheall ar an gcineál sceimhlitheoireachta sin. Mar ullmhúchán don díospóireacht sa Chomhairle i mí na Nollag 2019 agus mar thoradh ar an bplé a rinne an Mheitheal um Sceimhlitheoireacht, leag an Coiste béim ar an ngá atá le faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí a bhaineann le hantoisceachas foréigneach na heite deise agus leis na forbairtí sin a thaifeadadh[26]. Le linn na malartuithe sin, tugadh chun suntais nárbh ionann an cur chuige sna Ballstáit éagsúla ionas gurbh fhéidir nach mbeadh ann dá bharr ach léargas neamhiomlán neamh-leordhóthanach ar an mbagairt. Ina theannta sin, measadh go raibh tosaíocht le tabhairt do ról an idirlín agus don ghá atá le tuilleadh machnaimh maidir le cé mar is féidir dul i ngleic le bolscaireacht sceimhlitheoireachta ar líne beag beann ar an idé-eolaíocht is bonn léi.

3.5 Measúnú an Aontais ar bhagairt na frithsceimhlitheoireachta

De réir an nós imeachta bhunaithe[27], d'fhormhuinigh COSI gach seimeastar na moltaí a rinneadh ar leibhéal an Aontais maidir le measúnú bagartha an Aontais i réimse na frithsceimhlitheoireachta[28][29][30]. I moltaí mhí na Bealtaine 2019, cuireadh i dtreis nár mhór aghaidh a thabhairt ar an antoisceachas foréigneach agus ar an sceimhlitheoireacht faoina uile riocht, arb iad an pholaitíocht nó an idé-eolaíocht is siocair leo, agus an borradh atá ag teacht faoin bpolarú sa tsochaí a chur san áireamh.

3.6 Bagairt CBRN

Ba dhíol sásaimh don Choiste an cur i láthair ón gCoimisiún maidir le freagairt an Aontais ar rioscaí CBRN agus an bealach chun cinn a d'fhéadfadh a bheith ann, go háirithe d'fhonn aghaidh a thabhairt ar an riosca méadaithe a tuairiscíodh maidir le húsáid fhéideartha arm ceimiceach agus bitheolaíoch.

[26] 12225/19
[27] 13414/1/17 REV 1
[28] 9044/1/19
[29] 13709/1/19 REV 1
[30] 7740/20

3.7 An frith-Sheimíteachas a chomhrac: an staid mar atá agus na chéad chéimeanna eile

Maidir leis an ionsaí a rinneadh an 9 Deireadh Fómhair 2019 ar shionagóg i Halle na Gearmáine, chuir an Coimisiún an Coiste ar an eolas faoin obair atá ar siúl sa réimse sin. Sa bhreis ar an dearbhú maidir leis an gcomhrac i gcoinne an fhrith-Sheimíteachais agus cur chuige coiteann maidir leis an tslándáil a fhorbairt ionas gur fearrde an chosaint a thabharfar don phobal Giúdach gona institiúidí san Eoraip, mar a d'fhormheas an Chomhairle an 6 Nollaig 2018[31], bhunaigh an Coimisiún meitheal maidir le cur chun feidhme an dearbhaithe ón gComhairle, le rannpháirtíocht na mBallstát agus na bpobal Giúdach. Chun tacú leis an gcur chun feidhme, cuireadh cistí ar fáil ón gCiste Slándála Inmheánaí-(Póilíní).

31 15213/18

## 4. TIMTHRIALL BEARTAIS AN AONTAIS DO CHOIREACHT IDIRNÁISIÚNTA EAGRAITHE THROMCHÚISEACH/EMPACT

In 2010 bhunaigh an tAontas timthriall beartais ceithre bliana d'fhonn creat inbhuanaithe – creat leanúnach – a chruthú maidir leis an gcomhrac i gcoinne na coireachta idirnáisiúnta eagraithe tromchúisí. Ba ionann é sin agus an príomhchreat don chomhar oibríochtúil ar fud an Aontais chun dul i ngleic leis na príomhbhagairtí coiriúla a dhéanann difear don tslándáil inmheánach ar leibhéal an Aontais.

Ar cheann de phríomhghnéithe thimthriall beartais an Aontais, tá a chineál comhtháite ildisciplíneach, i dtaca le ranníocaíocht chomhlántach na ngníomhaithe ildisciplíneacha ilghníomhaireachta uile a úsáid agus a ailíniú agus, chomh maith céanna, i dtaca le cineálacha éagsúla uirlisí agus gníomhaíochtaí a chomhtháthú chun dul i ngleic le tosaíochtaí an Aontais maidir leis an gcoireacht[32].

Fágann an cur chuige ildisciplíneach sin go laghdaítear líon na mbacainní sin ar dheacair iad a shárú murach sin, amhail difear iontu seo: inniúlacht, sainorduithe agus modhanna oibre na ngníomhaithe éagsúla atá páirteach ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais agus i gcomhthéacs na gníomhaíochta inmheánaí agus seachtraí, agus an ghné chasta thrasteorann a bhaineann leis an gcoireacht thromchúiseach eagraithe ar den riachtanas réimse ollmhór uirlisí agus modhanna chun í a ghleic go héifeachtach.

Léirítear an méid a bhaintear amach le Timthriall Beartais an Aontais le torthaí nithiúla oibríochtúla (iarscríbhinn III)[33], a dhéanann stiúrthóirí an Phlean Gníomhaíochta Oibriúcháin a thuairisciú go rialta agus a chruthaítear freisin trí bhíthin na Laethanta Gníomhaíochta Comhpháirtí. Chomh tábhachtach céanna, tugadh gné nua comhair isteach le Timthriall Beartais an Aontais ar fud na struchtúr atá bunaithe ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais agus cuireadh deiseanna ar fáil leis chun cur chuige nua a fhorbairt ar bhonn ildisciplíneach.

Baineadh torthaí nithiúla amach in 2019: gabhadh 8000 lena n-áirítear spriocanna ardluacha, sainaithníodh breis agus 1400 íospartach de gháinneáil ar dhaoine agus pornagrafaíocht leanaí ar líne, cuireadh cosc ar chalaois chun leasa an Aontais (EUR 400 milliún), sócmhainní coiriúla urghafa nó reoite (EUR 77 milliún), agus 75 thona de dhrugaí agus de cheimiceáin agus 6000 arm tine urghafa[34].

---

32 14884/1/18 REV 1
33 7623/20
34 https://www.consilium.europa.eu/media/44281/information-note-empact.pdf

4.1 Cur chun feidhme agus athbhreithniú Thimthriall Beartais an Aontais Eorpaigh maidir le coireacht idirnáisiúnta eagraithe thromchúiseach

Tá ról lárnach ag COSI maidir le próiseas Thimthriall Beartais an Aontais a stiúradh. Mar a leagtar amach i dtéarmaí tagartha thimthriall beartais an Aontais[35], déanann COSI dlúthfhaireachán ar chur chun feidhme na bpleananna gníomhaíochta oibriúcháin, lena n-áirítear rannpháirtíocht na mBallstát agus gníomhaithe eile, d'fhonn a áirithiú go ndéanfar na hacmhainní daonna agus airgeadais atá de dhíth a ghealladh agus a leithdháileadh. Dhá uair sa bhliain, déanann an Coiste faireachán ar dhul chun cinn na bpleananna gníomhaíochta oibriúcháin, lena n-áirítear ar bhonn na dtorthaí a aimsíonn Europol maidir le cur chun feidhme na bpleananna gníomhaíochta oibriúcháin agus ar bhonn na dtuarascálacha ó stiúrthóirí agus ó chomhordaitheoirí náisiúnta EMPACT[36].

Ba í an phríomhghné ar ar leagadh béim le linn na dtrí Uachtaránacht maidir le timthriall beartais an Aontais a chur chun feidhme aitheantas ar an ngá atá leis an sásra tuairiscithe a nuashonrú d'fhonn a áirithiú go ndéanfar na tuarascálacha ar chur chun feidhme OAP a chuíchóiriú a thuilleadh[37]. Rinneadh an méid sin agus táirgeadh sásra tuairiscithe nua i mí Feabhra 2020[38], rud a ndéanfar cur síos air go mion ag céim níos déanaí. Cuireadh i láthair freisin na sárthorthaí oibríochtúla, chomh maith leis an gcomhar feabhsaithe le comhpháirtithe/tíortha nach bhfuil san Aontas, teacht in aibíocht thimthriall beartais an Aontais chomh maith lena éifeachtúlacht agus an rath a bhí air.

4.2 SOCTA AE 2021

Leis na conclúidí ón gComhairle maidir le leanúint le timthriall beartais an Aontais do choireacht idirnáisiúnta eagraithe thromchúiseach don tréimhse 2018-2021[39], cuireadh de chúram ar Europol, i gcomhar leis na Ballstáit, leis an gCoimisiún agus le Gníomhaireachtaí CGB eile, ullmhúchán a dhéanamh do SOCTA AE 2021 – riachtanais chustaiméara a bhí le bailíochtú ag COSI roimh mhí Iúil 2019 agus d'fhormhuinigh COSI[40] iad i mí na Bealtaine 2019.

35 14884/1/18 REV 1
36 8686/19
37 9036/19
38 5002/20
39 7704/17
40 9038/1/19 REV 1

Sa mheastóireacht ar SOCTA AE 2017 agus i modheolaíocht na meastóireachta, mhol na Ballstáit agus Europol roinnt feabhsuithe. Léiríodh an t-eolas is deireanaí i ndoiciméad SOCTA AE 2021 maidir le riachtanais chustaiméara agus tugadh treoir maidir le **SOCTA AE 2021 - modheolaíocht** a nuashonrú, amhail scanadh comhshaoil a chuimsiú chun treochtaí agus leochaileachtaí sa bhailiú agus san anailís sonraí a shainaithint. D'fhormhuinigh COSI modheolaíocht[41] athbhreithnithe SOCTA AE 2021 i mí Eanáir 2020.

4.3 Meastóireacht neamhspleách

Seoladh meastóireacht neamhspleách[42] ar Thimthriall Beartais an Aontais Eorpaigh 2018-2021 mar a iarradh sna conclúidí ón gComhairle maidir le leanúint le timthriall beartais an Aontais do choireacht idirnáisiúnta eagraithe thromchúiseach don tréimhse 2018-2021[43], mar ionchur don chéad Timthriall Beartais eile de chuid an Aontais.

Is é is cuspóir don mheastóireacht measúnú foriomlán a sholáthar maidir le cibé ar chomhlíon Timthriall Beartais an Aontais Eorpaigh 2018-2021, **lena n-áirítear SOCTA AE,** a chuspóir foriomlán, agus a mhéid a baineadh amach é, maidir le dul i ngleic, ar bhealach comhleanúnach modheolaíoch, leis na bagairtí coireachta eagraithe agus tromchúisí is tábhachtaí a dhéanann difear don Aontas, trí chomhar a spreagadh idir na gníomhaithe ábhartha uile[44], agus bearta nithiúla a mholadh chun feabhas a chur ar na chéad Timthriallta Beartais eile de chuid an Aontais Eorpaigh.

Sa mheastóireacht neamhspleách tabharfar forléargas ar an méid a baineadh amach agus ar na constaicí a bhí ann le linn thimthriall 2018-2021, agus ar na cúiseanna atá leis sin. Sainaithneofar inti dea-chleachtais agus bearta nithiúla i bhfoirm moltaí inghníomhaithe chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht na chéad Timthrialla Beartais eile de chuid an Aontais a chuíchóiriú agus a fheabhsú[45].

Bíonn baint ag na Ballstáit agus ag gníomhaireachtaí CGB leis an meastóireacht ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear ceistneoirí agus agallaimh, agus b'fhéidir cuairteanna staidéir, agus, má mheastar go bhfuil gá leis, ar bhealaí eile chun faireachán a dhéanamh ar an bhfeidhm.

41 13732/1/19 REV 1
42 10993/19
43 7704/17
44 15358/10
https://www.consilium.europa.eu/uedocs/cms_data/docs/pressdata/en/jha/117583.pdf
45 11163/19

I mí Iúil 2019, iarradh ar thoscaireachtaí Ghrúpa Tacaíochta COSI tuairimí a mhalartú maidir le príomhghnéithe na meastóireachta a leagtar amach sa pháipéar ón gCoimisiún chomh maith leis na gnéithe a bhaineann le faireachán a dhéanamh ar an meastóireacht mar a cuireadh chun cinn sa pháipéar iad. Mar thoradh air sin, bunaíodh grúpa comhairleach chun cabhrú leis an meastóireacht, agus rinneadh athbhreithniú ar an bpáipéar ón gCoimisiún bunaithe ar na barúlacha i scríbhinn tar éis chruinniú Ghrúpa Tacaíochta COSI[46].

Cuireadh páipéar oibre faoi bhráid Ardrúnaí COSI i mí Aibreáin 2020 agus thug na toscaireachtaí dá n-aire réamhthorthaí an staidéir meastóireachta agus na gníomhaíochtaí a rinneadh go dtí mí Aibreáin 2020[47]. Tá an mheastóireacht ar an mbóthar ceart in ainneoin phaindéim COVID-19.

4.4 Cistiú

Rinneadh iarracht leanúnach maoiniú thimthriall beartais an Aontais a chuíchóiriú. I mí na Bealtaine 2019, bhí malartú tuairimí ag toscaireachtaí Ghrúpa Tacaíochta COSI faoi na torthaí agus na moltaí ón tríú ceardlann a bhí ag an ngrúpa saineolaithe maidir le maoiniú, lenar cuireadh in iúl na gnéithe sin ar mheas siad gur cheart tosaíocht a thabhairt dóibh, a bheadh le próiseáil a thuilleadh ag COSI.

In 2019, de bhuiséad iomlán EMPACT dar luach EUR 4 mhilliún, leithdháileadh EUR 3 mhilliún ar dheontais ardluacha agus EUR 1 mhilliún ar dheontais ar luach íseal[48]. Mar thoradh ar an díospóireacht a bhí ag SG COSI i ndáil leis an mbuiséad atá beartaithe do 2020 i mí Mheán Fómhair, comhaontaíodh níos mó cistí a leithdháileadh ar LVG i bhfianaise na rátaí agus na solúbthachta fíor-mhaith ionsúcháin a cuireadh ar fáil.[49]Ina theannta sin, de bhun dhíospóireacht COSI, fuair an tosaíocht chothrománach maidir le calaois doiciméad cistiú díreach den chéad uair dar luach EUR 100, 000. Leanfaidh COSI d'fhaireachán a dhéanamh ar leithdháileadh an chistithe. Thug COSI dá aire cistiú sonrach substainteach ó institiúidí/gníomhaireachtaí/líonraí eile de chuid an Aontais[50] lena leagtar béim ar thiomantas na gcomhpháirtithe sin tacú le EMPACT.

46 1163/1/19 REV 1
47 4357/20
48 10992/19
49 10992/1/19 REV 1
50 7409/1/20 REV 1

4.5 Sásra tuairiscithe

I mí Feabhra 2020, tíolacadh dréacht athbhreithnithe den **sásra tuairiscithe**[51] do Thimthriall Beartais an Aontais do 2018-2021 do na toscaireachtaí mar thoradh ar mholtaí a rinne na Comhordaitheoirí Náisiúnta EMPACT le linn cruinniú meithle tiomnaithe a d'óstáil Europol an 26 Meitheamh 2019 agus ceardlann a bhí ag cruinniú na gComhordaitheoirí Náisiúnta EMPACT an 30 Deireadh Fómhair[52] 2019.

Phléigh na toscaireachtaí an doiciméad athbhreithnithe d'fhonn é a ghlacadh agus bhí comhdhearcadh ginearálta ann maidir leis an teimpléad nua pleanála agus tuairiscithe a measadh a bheith níos soláimhsithe agus níos cuíchóirithe[53].

4.6 Infheictheacht

Ina theannta sin, chuir COSI treoir ar fáil maidir le féiniúlacht Thimthriall Beartais an Aontais a neartú i mí na Bealtaine 2018 agus ghlac sé tacar moltaí d'fhonn feabhas a chur ar chumarsáid Thimthriall Beartais an Aontais/EMPACT[54] bunaithe ar mhachnamh agus ar phlé idir pointí teagmhála náisiúnta na mBallstát leis na meáin. Rinneadh an tacar moltaí a oibríochtú i dtéarmaí tagartha athbhreithnithe Thimthriall Beartais an Aontais Eorpaigh[55] agus, ag féachaint go cuí do na barúlacha a fuarthas ó na Comhordaitheoirí Náisiúnta EMPACT[56], cuireadh obair leantach maidir le cur chun feidhme na moltaí ó na meáin[57] faoi bhráid COSI i mí na Bealtaine 2020. Ar bhonn a mhéid a fuarthas, mhol an grúpa **Treochlár Cumarsáide** a dhréachtú lena bhfeabhsófaí infheictheacht EMPACT san fhadtéarma[58].

Beart eile a rinneadh chun cur le hinfheictheacht Thimthriall Beartais an Aontais Eorpaigh agus chun torthaí nithiúla na bpleananna gníomhaíochta oibriúcháin agus obair COSI/Ghrúpa Tacaíochta COSI a chur chun cinn ba ea na **bileoga eolais**[59] ina gcuirtear na torthaí i láthair, mar aon leis an bhf**íseán bliantúil fógraíochta**[60], a chur ar fáil don phobal.

51 5002/20
52 WK 12513/19
53 5002/1/20 REV 1
54 7909/18
55 14884/1/18 REV 1
56 WK 4395/20
57 7434/20
58 7434/1/20 REV 1
59 7623/20
60 https://newsroom.consilium.europa.eu/videos/127612-empact-2019-results-20200602

4.7 Laethanta Gníomhaíochta Comhpháirtí

Ag an gcruinniú a bhí ag Grúpa Tacaíochta COSI i mí na Samhna 2019, bhreithnigh na toscaireachtaí an measúnú a rinneadh ar laethanta gníomhaíochta comhpháirtí 2019 mar a thíolaic Europol iad, agus chuir siad treoir straitéiseach ar fáil maidir leis na cuspóirí agus na tosaíochtaí coireachta ba cheart a chur san áireamh i ndáil le laethanta gníomhaíochta comhpháirtí 2020[61].

Tar éis do COSI treoir straitéiseach a chur ar fáil, tháinig na toscaireachtaí ar chomhaontú maidir le dréacht-choincheap JAD 2020 ar bhonn nóta a d'ullmhaigh Europol i gcomhairle le FRONTEX[62].

61 13737/19
62 5619/20 EU RESTRICTED

## 5. COIREACHT IDIRNÁISIÚNTA EAGRAITHE THROMCHÚISEACH – FÓCAS TÉAMACH

5.1 Imscrúduithe airgeadais a fheabhsú, lena n-áirítear Oifigí um Aisghabháil Sócmhainní

Tar éis dhá phlé ullmhúcháin a rinne an Mheitheal um Fhorfheidhmiú an Dlí i mí Eanáir agus i mí Feabhra 2020, bhí díospóireacht théamach ag COSI an 21 Feabhra 2020 maidir le cur chuige níos cuimsithí a ghlacadh i ndáil le himscrúduithe airgeadais, lena gcumhdaítear bearta maidir le sócmhainní a aisghabháil agus a choigistiú, maidir le comhar idir Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais agus maidir le ról Europol sa chomhar sin, agus maidir le hairgead tirim agus íocaíochtaí fíorúla. Dá bhrí sin, chuir COSI de chúram ar an Meitheal um Fhorfheidhmiú an Dlí dréacht**chonclúidí ón gComhairle** a ullmhú, a bheidh le plé a thuilleadh ag COSI i mí na Bealtaine 2020 agus a d'fhormheas an Chomhairle i mí an Mheithimh 2020[63].

Leagtar béim i dtéacs deiridh na gconclúidí ón gComhairle ar an ngá atá ann feabhas a chur ar an gcomhar agus ar an sineirge maidir le himscrúduithe airgeadais a dhéanamh agus faisnéis airgeadais a mhalartú idir Aonaid um Fhaisnéis Airgeadais, Oifigí um Aisghabháil Sócmhainní, údaráis chustaim, údaráis chánach agus údaráis forfheidhmithe dlí.

Thairis sin, iarrtar ar an gCoimisiún sna conclúidí ón gComhairle féachaint an bhféadfaí an creat dlíthiúil maidir le bainistiú maoine calctha a neartú ag féachaint do choigistiú féideartha ina dhiaidh sin[64], chun prionsabal na pleanála réamhghabhála a chur san áireamh, agus chun cumhachtaí breise a dheonú d'Oifigí um Aisghabháil Sócmhainní, mar shampla cumhachtaí calctha sealadacha réamhchúramacha chun diomailt sócmhainní a chosc. Iarrtar ar an gCoimisiún freisin machnamh a dhéanamh ar an gcreat dlíthiúil a fheabhsú a thuilleadh chun clárlanna láraithe náisiúnta cuntas bainc a idirnascadh, chun machnamh a dhéanamh ar an ngá atá le tuilleadh feabhais a chur ar an gcreat dlíthiúil le haghaidh sócmhainní fíorúla nó chun dul i mbun plé arís leis na Ballstáit maidir leis an ngá atá le teorainn reachtach ar íocaíochtaí airgid ar leibhéal an Aontais.

---

**63** 8927/20 agus CM2664/20 Ráiteas ón Ostair agus ón Iodáil.

**64** An Treoir maidir le Coigistiú (2014/42), Airt. 10(2).

5.2 Gáinneáil aindleathach ar dhrugaí

Ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um Fhorfheidhmiú an Dlí i mí Feabhra, ar iarradh ar an Meitheal Chothrománach um Dhrugaí chuige, chuir an Uachtaránacht pléph※áipéar i láthair maidir le gáinneáil ar dhrugaí a chomhrac. Díríodh ar an gcomhar le comhpháirtithe na mBalcán Thiar a fheabhsú, ach rinneadh tagairt freisin don chomhthéacs níos leithne, amhail comhar le DEA na Stát Aontaithe agus le gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí thíortha Mheiriceá Laidinigh.

Ina dhiaidh sin, bhí díospóireacht théamach ag COSI i bhfianaise Thuarascáil 2019 maidir le Margaí Drugaí an Aontais inar leagadh béim ar an ngá atá le tosaíocht níos fearr a thabhairt don bheartas drugaí sa chlár oibre polaitiúil. D'aontaigh na toscaireachtaí go raibh údar maith le haird pholaitiúil athnuaite a thabhairt ar chás na ndrugaí de bharr scála na bagartha ar shlándáil an Aontais, agus gur cheart dlús a chur leis na hiarrachtaí chun cur isteach ar gháinneáil aindleathach drugaí faoi chuimsiú beartas comhtháite cothrom atá bunaithe ar fhianaise. Ba cheart comhar idir na Ballstáit a threisiú agus idir údaráis forfheidhmithe dlí, údaráis bhreithiúnacha, údaráis chustaim agus údaráis fhioscacha. Bhí gá le béim níos mó a leagan ar mhoil mhóra drugaí, ar úsáid na seirbhísí eangaí dorcha agus poist, ar an bhfóiréinsic, ar theicneolaíochtaí nua, ar imscrúdú airgeadais, ar choigistiú na bhfáltas, agus ar dhíriú ar choirpigh ardleibhéil chun timthriall iomlán na ngníomhaíochtaí coiriúla a laghdú. Ba cheart comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta níos láidre a fhorbairt le tíortha comharsanachta an Aontais agus maidir leis na príomhbhealaí gáinneála. Chuir COSI de chúram ar an Meitheal Chothrománach um Dhrugaí, arna neartú ag an Meitheal um Fhorfheidhmiú an Dlí, céimeanna a shainaithint a d'fhéadfaí a thabhairt chun feabhas a chur ar fhreagairt an Aontais ar gháinneáil aindleathach drugaí.

I mí na Bealtaine 2020, **d'fhormhuinigh COSI tacar straitéiseach oibríochtúil beart chun feabhas a chur ar an bhfreagairt ar gháinneáil ar dhrugaí**[65].

[65] 7743/20 a ndearnadh athbhreithniú air de bhun COSI 7743/1/20 REV 1

5.3 Smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine

Bhí malartú tuairimí ag na toscaireachtaí maidir le staid na himeartha[66] i ndáil le tacar cuimsitheach oibríochtúil de bhearta a chur chun feidhme chun feabhas a chur ar an bhfreagairt ar líonraí smuigleála imirceach[67], agus léirigh siad a thábhachtaí atá an t-ábhar agus léirigh siad tacaíocht láidir chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna oibríochtúla éagsúla a leagadh amach sa díospóireacht.

Bhreithnigh COSI[68] rannpháirtíocht reatha an Aontais maidir le bealach na Meánmhara Thoir chun smuigleáil imirceach a chomhrac. Bhí tacaíocht ghinearálta ann chun inniúlachtaí agus ullmhacht an Aontais a fheabhsú agus aitheantas a thabhairt do na torthaí den scoth a baineadh amach i dtimthriall beartais an Aontais/EMPACT FII.

Mar obair leantach ar an bplé a rinneadh ag cruinniú neamhfhoirmiúil na n-airí Ceartais agus Gnóthaí Baile an 23 Eanáir 2020, bhí malartú tuairimí ag na toscaireachtaí i bhfianaise na tuarascála comhpháirtí ó Europol, ó Frontex agus ó EASO maidir le dul i ngleic le smuigleáil imirceach sna Balcáin Thiar[69]. Thacaigh na toscaireachtaí i bprionsabal le sásra a fhorbairt sna Balcáin Thiar chun faisnéis a mhalartú ar bhealach níos fearr, e.g. clárú bithmhéadrach náisiúnta/córais comhroinnte sonraí maidir le hiarratasóirí ar thearmann agus imircigh neamhrialta a d'fhéadfaí a mhúnlú ar EURODAC, chomh maith le SIENA a rolladh amach a thuilleadh. Meastar go bhfuil láithreacht fheabhsaithe ghníomhaireachtaí an Aontais sa réigiún úsáideach i gcásanna áirithe agus cuireadh i bhfios go láidir go bhfuil gá le comhordú níos dlúithe idir gníomhaithe éagsúla an Aontais. Ag tógáil ar na torthaí dearfacha oibríochtúla dó, mhol an Coiste go mbeadh comhpháirtithe na mBalcán Thiar rannpháirteach ar bhealach níos láidre i dTimthriall Beartais an Aontais/EMPACT. D'iarr COSI an athuair ar an gCoimisiún agus ar na gníomhaireachtaí ábhartha aghaidh a thabhairt ar shaincheist fheidhm fhaireachán na meán sóisialta tar éis deireadh a chur le clár EASO, de réir mar a threoraigh tuairim MECS.

Thug COSI dá aire measúnú riosca bliantúil 2020 FRONTEX. Ar bhonn na mbagairtí agus na leochaileachtaí a sainaithníodh sa bhainistiú teorainneacha, rinne Frontex gníomhaíochtaí oibríochtúla comhpháirteacha a phleanáil agus a chur i gcrích chun imirce neamhdhleathach agus coireacht trasteorann a chosc, a bhrath agus a chomhrac ag na teorainneacha seachtracha agus i dtríú tíortha comharsanachta. Is ar bhonn meántéarmach agus fadtéarmach a dhéantar an iarracht thomhaiste chomhchoiteann sin nuair is gá agus nuair atá sé éifeachtach.

66 13439/19
67 15250/18
68 13974/19
69 5312/20

Is ar bhonn Bhainistiú Eorpach Comhtháite na dTeorainneacha a dhéantar forbairt ar ghníomhaíochtaí oibríochtúla an bhuanchóir agus Frontex, amhail forbairt an chomhair idir Gníomhaireachtaí Eorpacha Gardaí Teorann agus Cósta agus leathnú an chomhair le tríú tíortha.

Thíolaic an Coimisiún do Ghrúpa Tacaíochta COSI an dara tuarascáil ar dhul chun cinn[70] a foilsíodh i mí na Nollag 2018 mar a cheanglaítear faoi Airteagal 20 de Threoir 2011/36/AE maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus na híospartaigh atá thíos léi a chosaint. Leagadh béim sa Tuarascáil ar mhéadú ar an ngáinneáil inmheánach, chomh maith le méadú ar an leas a bhaintear as an sreabhadh imirce do gháinneáil ar dhaoine. Cuireadh an Tuarascáil i láthair freisin ag cruinnithe CATS, SCIFA, chomh maith le cruinniú tosaigh OAP maidir le gáinneáil ar dhaoine.

5.4 Grúpaí eagraithe ar aon dul leis an *Mafia*

I mí Mheán Fómhair 2019, chuir toscaireacht na hIodáile pléphápéar faoi bhráid COSI i ndáil leis an mbagairt ó eagraíochtaí atá ag éirí níos gníomhaí, arb iad 'solúbthacht struchtúrach' agus 'trasnáisiúntacht' a gcuid gníomhaíochtaí is príomhthréith díobh. Rinneadh tagairt shonrach do *Ndrangheta* agus ardaíodh roinnt pléphointí. Thug na toscaireachtaí an páipéar dá n-aire.

5.5 Calaois Doiciméad

Bhí calaois doiciméad fós ina bagairt leathan agus ina tosaíocht EMPACT ós cumasóir í i réimsí coireachta go leor eile. Is amhlaidh sin go háirithe ag na teorainneacha, áit a bhfuil baol tromchúiseach ann don tslándáil inmheánach nach bhfuil teoranta d'imirce neamhrialta.

Mar chroí-inniúlacht de chuid na ngardaí teorann, leathnaigh Frontex a mhalartú sonraí/faisnéise i líonra tiomnaithe anailíse riosca agus chruthaigh sé Painéil na nIonstraimí nua CEF maidir le calaois doiciméad le haghaidh anailísithe Bhallstáit an Aontais, chuir sé feasacht staide ar fáil ar an leibhéal straitéiseach i bhfoirm anailísí riosca bliantúla lena ndírítear ar chalaois doiciméad agus chruthaigh sé roinnt lámhleabhar téamach.

Thairis sin, don chéad uair, bhain COSI buiséad amach atá tiomnaithe don tosaíocht thrasearnálach sin lenar áirithíodh roinnt gníomhaíochtaí oibríochtúla agus teicniúla éagsúla lena dtacaíonn Europol agus an Grúpa Ardleibhéil atá dírithe ar chalaois doiciméad.

70 15677/18 + ADD 1

## 6. NASC INMHEÁNACH/SEACHTRACH

6.1 comhar CBSC-CGB: Comhshocrú sibhialtach CBSC

D'fhill an Coiste Polaitiúil agus Slándála agus COSI ar Chomhshocrú Sibhialtach CBSC, ag díriú ar a chur chun feidhme. Chuir SEGS toscaireachtaí ar an eolas i mí Feabhra 2019 maidir le Plean Gníomhaíochta Comhpháirteach SEGS/COM agus iarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh chun comhar CBSC-CGB a neartú, agus leag sé béim ar an ról lárnach atá ag na Pleananna Náisiúnta Cur Chun Feidhme. Tharraing SEGS aird ar na hiarrachtaí aige obair i gcomhpháirt leis an gCoimisiún, Europol, Frontex agus CEPOL chun a áirithiú go gcuirfear plean gníomhaíochta uilechuimsitheach ar fáil, lena mbeifí in ann freisin cineálacha nua comhair a fhorbairt idir gníomhaithe CBSC agus CGB. Tháinig na Ballstáit ar chomhaontú faoin ngá atá ann an Comhshocrú a chur chun feidhme go héifeachtach agus ar an ngá le comhar níos dlúithe idir gníomhaithe CBSC agus CGB.

Ó thaobh chur chun feidhme an Chomhshocraithe Shibhialtaigh, bhí tacaíocht ghinearálta ann do chur chuige mionchoincheapa i dtaobh an Comhshocrú Sibhialtach a oibríochtú trí thionscadail nithiúla agus scéimeanna píolótacha ag na misin leasa. Phléigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála agus COSI an fhéidearthacht go mbunófaí treoirthionscadal sa Nígir ar an Ardán um Chomhordú na Coireachta Eagraithe (OCCP) ar bhonn páipéir ó SEGS[71]. Léiríodh sa díospóireacht gur gá roinnt saincheisteanna a shoiléiriú sula ndéanfar cinneadh faoi thionscadal den chineál sin.

6.2 Bagairtí hibrideacha

Ba dhíol sásaimh don choiste an tuarascáil ón Uachtaránacht[72] chomh maith le cur i láthair ar thoradh plé beartais cásbhunaithe a reáchtáladh ag an gcruinniú neamhfhoirmiúil aireachta i Heilsincí i mí Iúil 2019. Chomhaontaigh na toscaireachtaí gur cheart cur chuige ilearnálach, náisiúnta agus AE a ghlacadh. Leag na toscaireachtaí béim freisin ar an ról atá ag gníomhaireachtaí an Aontais i dtaobh tacú le hiarrachtaí na mBallstát. I bhfianaise an phlé, tionóladh díospóireacht bheartais sa Chomhairle i mí Dheireadh Fómhair 2019.

---

[71] WK 10339/19

[72] 12226/1/19 REV 1

Bhí plé comhpháirteach ag COSI agus ag an gCoiste Polaitiúil agus Slándála maidir le cur i gcoinne bagairtí hibrideacha ar bhonn plépháipéir ón Uachtaránacht[73]. Bhí cóineasú leathan tuairimí idir na toscaireachtaí maidir le raon feidhme chur chuige an Aontais sa réimse seo agus an gá atá leis, rud a éilíonn freisin uirlisí inmheánacha agus seachtracha a thabhairt isteach. Leagadh béim ar ról mhisin CBSC maidir le dul i ngleic le bagairtí hibrideacha ina réimse oibríochta.

73 WK 10276/19

## 7. COMHAR LE COMHPHÁIRTITHE NA mBALCÁN THIAR

Bhí sé ar cheann de phríomhthosaíochtaí Uachtaránacht HR an comhar a neartú le comhpháirtithe na mBalcán Thiar agus ba théama trasearnála é i roinnt díospóireachtaí a reáchtáladh ar leibhéal na meithle agus ag COSI maidir le réimsí slándála inmheánaí amhail drugaí aindleathacha, smuigleáil imirceach agus an comhar oibríochtúil.

Maidir le cineál casta forluí na mbagairtí slándála, lena n-áirítear margadh na ndrugaí aindleathacha agus OCGanna (eagraíochtaí coiriúla), moladh go mbeadh sé ina bheart riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar **gháinneáil** aindleathach **ar dhrugaí** agus ar ghníomhaíochtaí aindleathacha OCGanna chun an comhar a fheabhsú a thuilleadh idir an tAontas agus comhpháirtithe na mBalcán Thiar agus é mar mholadh é seo a bhaint amach tríd an timthriall beartais AE / EMPACT agus ardán ildisciplíneach á chur ar fáil chun díriú ar réigiúin áirithe agus ar OCGanna áirithe. Tugadh gnéithe eile os comhair COSI freisin amhail an smaoineamh comhar oibríochtúil a neartú a thuilleadh idir na Póilíní, an Garda Teorann agus údaráis Chustaim na mBallstát agus tríú tíortha agus go háirithe comhpháirtí na mBalcán Thiar, chomh maith le níos mó eolais maidir leis an Aontas a chur ar fáil i bhfoirm tacaíocht theicniúil agus tacaíocht i dtaobh dul i ngleic le bacainní i gcreata eagrúcháin, reachtaíochta agus nós imeachta.

Ag eascairt as an bplé a rinneadh ag cruinniú neamhfhoirmiúil na nAirí Ceartais agus Gnóthaí Baile an 23 Eanáir 2020, bhí malartú tuairimí ag na toscaireachtaí i bhfianaise na tuarascála comhpháirtí ó Europol, Frontex agus EASO maidir le smuigleáil imirceach sna Balcáin Thiar (5312/20)

Thacaigh na toscaireachtaí i bprionsabal le sásra a fhorbairt sna Balcáin Thiar chun faisnéis a mhalartú ar bhealach níos fearr, e.g. clárú bithmhéadrach náisiúnta/córais comhroinnte sonraí maidir le hiarratasóirí ar thearmann agus imircigh neamhrialta a d'fhéadfaí a mhúnlú ar EURODAC, chomh maith le SIENA a rolladh amach a thuilleadh. Meastar go bhfuil láithreacht fheabhsaithe ghníomhaireachtaí an Aontais sa réigiún úsáideach i gcásanna áirithe agus cuireadh i bhfios go láidir go bhfuil gá le comhordú níos dlúithe idir gníomhaithe éagsúla an Aontais. Ag tógáil ar na torthaí maithe oibríochtúla dó, mhol an Coiste go mbeadh comhpháirtithe na mBalcán Thiar rannpháirteach ar bhealach níos láidre i dTimthriall Beartais an Aontais/EMPACT. Bhí Frontex tiomanta i gcónaí do chomhar seanbhunaithe le páirtnéirí WB-RAN. Cuireann an comhar sin feasacht staide cothrom le dáta agus inniúlachtaí anailíseacha feabhsaithe ar fáil lenar féidir na freagairtí oibríochtúla is oiriúnaí ar bhagairtí comhchoiteanna a threorú ar an leibhéal straitéiseach. D'iarr COSI an athuair ar an gCoimisiún agus ar na gníomhaireachtaí ábhartha aghaidh a thabhairt ar shaincheist fheidhm fhaireachán na meán sóisialta tar éis deireadh a chur le clár EASO, de réir mar a threoraigh tuairim MECS.

## 8. BAINISTIÚ FAISNÉISE

Sa dara seimeastar de 2019, chuir Uachtaránacht FI tús le plé mionsonraithe ar an ábhar i gcomhthéacs an mhachnaimh leanúnaigh ar thodhchaí shlándáil inmheánach an Aontais[74]. Chuir na Ballstáit i bhfios go láidir gur cheart don **bhainistiú faisnéise** a bheith ar chlár oibre na Comhairle i gcónaí agus béim ar an ngá breathnú ar thimthriall iomlán na sonraí, ó rochtain go malartú éifeachtach agus úsáid sonraí, d'fhonn cur chuige córasach a áirithiú. Ina theannta sin, leag na Ballstáit béim ar pheirspictíocht na n-úsáideoirí deiridh maidir le tuilleadh forbairtí agus maidir lena thábhachtaí atá sé uirlisí (dlíthiúla, teicniúla) atá ann cheana a úsáid a mhéid is féidir. Tugadh aghaidh freisin ar ról Europol mar mhol faisnéise a neartú. Daingníodh go raibh an t-uathoibriú ríthábhachtach chun dul i ngleic leis an méadú i sreabha sonraí le caighdeánú mar réamhriachtanas.

I mí na Samhna 2019, rinne eu-LISA cur i láthair do COSI maidir le '**hIntleacht Shaorga** i mbainistiú oibríochtúil córas TF ar mhórscála'[75]; bhí freagairt dhearfach ón urlár ar an ábhar, le roinnt rannchuidithe fada. Cuireadh roinnt smaointe chun cinn, amhail an gá le halgartaim choiteanna a fhorbairt i réimsí sonracha ar fud an Aontais agus caighdeánú mar chéad tosaíocht. Rinneadh roinnt tagairtí roimhe seo don mhol nuálaíochta a pléadh ag Europol. Cuireadh i dtreis freisin nár cheart cinntí polaitiúla a dhéanamh chun bearta a ghlacadh go dtí go rachfar i ngleic leis na míreanna sin ar leibhéal grúpa saineolaithe. Bhí tuiscint i gcoitinne ar an ról a d'fhéadfadh a bheith ag IS ó thaobh na slándála inmheánaí ón taobh straitéiseach agus praiticiúil agus aithníodh gur réimse é nach mór a fhiosrú a thuilleadh faoi réir creat dian maidir le coimircí.

---

74 13510/19
75 12783/19

Tháinig an dá **Rialachán** nua maidir le **hIdir-inoibritheacht** ((AE) 2019/817 agus (AE) 2019/818 i bhfeidhm an 11 Meitheamh 2019 agus bhí cur chun feidhme an dá rialachán sin ar cheann de phríomhthosaíochtaí Uachtaránacht na Fionlainne. Obair thábhachtach is ea na nósanna imeachta oibríochtúla agus tionchar na hidir-inoibritheachta ar úsáideoirí deiridh (údaráis na mBallstát) agus is gá í a phlé laistigh de struchtúir na Comhairle d'fhonn luach breise oibríochtúil an chreata idir-inoibritheachta a optamú. Cuireadh páipéar ón Uachtaránacht faoi bhráid COSI i mí Mheán Fómhair 2019 ina ndearnadh cur síos ar na gnéithe éagsúla a bhaineann le cur chun feidhme na Rialachán Idirinoibritheacha agus ag an am céanna cuireadh roinnt saincheisteanna faoi bhráid COSI a mbeadh gá iad a shainiú a thuilleadh i gcomhthéacs chur chun feidhme na rialachán sin. Léiríodh sa díospóireacht go bhfuil gá le tuilleadh iarrachta chun aghaidh a thabhairt ar chéimeanna éagsúla na reachtaíochta idir-inoibritheachta.

Bhí comhthoil ann i gcoitinne go bhféadfadh sé a bheith ina chabhair maidir le cur chun feidhme tráthúil an chreata Idir-inoibritheachta a atreisiú COSI a choinneáil cothrom le dáta maidir le staid an chur chun feidhme agus maidir le saincheisteanna a d'fhéadfadh go mbeadh gá aghaidh a thabhairt orthu.

## 9. CUSTAM: CUR LE RANNCHUIDIÚ LUCHT CUSTAIM LEIS AN tSLÁNDÁIL INMHEÁNACH

Ar cheann dá thosaíochtaí i rith na tréimhse tuairiscithe, lean COSI d'aghaidh a thabhairt ar an gcomhar le húdaráis chustaim. Thug an Coiste dá aire gur glacadh an straitéis nuashonraithe maidir le comhar amach anseo idir lucht custaim agus lucht forfheidhmithe dlí. Ar bhonn an phlépháipéir[76], thug COSI dá aire an obair mhór a rinne an Uachtaránacht chun cur le rannchuidiú na gcustam leis an tslándáil inmheánach agus phléigh sé bealaí chun cinn a d'fhéadfadh an comhar sin, atá ríthábhachtach sa chomhrac i gcoinne na coireachta eagraithe, a neartú a thuilleadh faoi chuimsiú inniúlachtaí seanbhunaithe agus de réir na reachtaíochta náisiúnta. Tugadh faoi deara an dul chun cinn atá déanta ag Frontex maidir leis an ngarda teorann, custam agus na póilíní a nascadh faoi scáth ghníomhaíochtaí oibríochtúla Frontex lena ndíreofar ar an gcoiriúlacht trasteorann.

Tá méadú leanúnach ag teacht ar líon na n-údarás custaim laistigh de EMPACT agus in 2020 bhí baint ag údaráis chustaim le deich ngníomhaíocht OAP 2020 agus iad ag ina gcomhcheannairí ar dhá cheann acu[77]. Leag na toscaireachtaí béim ar chomhar dearfach na gcustam le timthriall beartais an Aontais agus spreag siad sineirgí níos doimhne leis an bPlean Gníomhaíochta Custaim. Cuireadh treochlár i láthair ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um Chomhar Custaim an 26 Samhain 2019 maidir le comhtháthú custaim in SOCTA.

Scrúdaigh COSI na deiseanna comhair idir OAPanna thimthriall beartais an Aontais agus an 10ú Plean Gníomhaíochta CCWP d'fhonn sineirgí a bhaint amach agus d'fhormhuinigh sé an bealach chun cinn a moladh[78].

[76] 13975/19
[77] 7069/20
[78] 7664/1/20 REV 1

## 10. OILIÚINT

Le hoiliúint fhorfheidhmiú an dlí, arna cur ar fáil ag gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais, tugadh i gcrích sraith na ndíospóireachtaí téamacha maidir le todhchaí shlándáil inmheánach an Aontais. I mí na Samhna 2019, bhí plé spleodrach agus dírithe maidir le hoiliúint a chur ar lucht fhorfheidhmithe an dlí faoi chuimsiú an phlé ar thodhchaí shlándáil inmheánach an Aontais amach anseo[79]. Bhí comhaontú i gcoitinne maidir le tábhacht straitéiseach na hoiliúna agus an gá atá ann infheistiú níos mó inti, go háirithe a mhéid a bhaineann le teicneolaíochtaí nua. Chuir na Ballstáit in iúl go raibh gá le breis oiliúna i réimsí amhail an chibearchoireacht agus an Idir-inoibritheacht.

Léiríodh tacaíocht leathan d'fhorbairt curaclam caighdeánaithe do ghníomhaíochtaí oiliúna ar fud an Aontais, agus aird á tabhairt ar éagsúlachtaí náisiúnta, le moltaí chun caighdeáin deimhnithe cháilíochta a bhunú. Bhí tacaíocht d'aon toil ann chun cláir mhalartaithe a fhorbairt a thuilleadh ina mbeadh mic léinn agus meabhraíodh samplaí atá ann cheana: Oiliúint fhrithpháirteach FR-ES, clár malartaithe mac léinn BG-DE. D'athdhearbhaigh toscaireacht amháin an iarraidh colún oideachais a chruthú ag an saotharlann nuálaíochta agus, ar an mbealach céanna, na glaonna ar CEPOL ról níos mó a bheith aige i T&F agus naisc níos láidre a chruthú leis an Acadúlacht.

Bhí glaonna ann CEPOL a chistiú go leordhóthanach agus sainordú CEPOL a nuashonrú dá mba ghá chun aon chúraimí breise a sainaithníodh a chur san áireamh, lena n-áirítear a bheith rannpháirteach in oiliúint bhunúsach.

Is gá iarrachtaí oiliúna a mhapáil chun forluí a sheachaint agus chun gníomhaíochtaí oiliúna an Aontais, agus gníomhaíochtaí oiliúna réigiúnacha agus náisiúnta a chomhordú. Bhí comhaontú i gcoitinne ann ar an ngá dul i ngleic níos mó le custam agus leis an gceartas in oiliúint i bhforfheidhmiú an dlí chun feasacht a mhéadú.

Ar deireadh, leag an uachtaránacht béim ar thábhacht straitéiseach na hoiliúna, ar an ngá CCC a fhorbairt, ar a úsáideach atá sé cláir mhalartaithe a fhorbairt a thuilleadh agus ar an ról tábhachtach atá ag CEPOL agus ag FRONTEX[80].

[79] 13973/19

[80] Tá ról ríthábhachtach ag Frontex maidir le hoideachas an phobail bainistithe teorann a fhorbairt, trí chaighdeáin choiteanna agus dea-chleachtais a chur chun cinn chun dul i ngleic le dúshláin reatha agus dúshláin atá ag teacht chun cinn ag an teorainn sheachtrach. Tá an comhar idirghníomhaireachta mar aidhm le cláir oiliúna Frontex agus cothaítear bealaí nua-aimseartha oibre leo, lena gcomhtháthaítear na córais mhórscála TF is úire agus teicneolaíochtaí úrscothacha, rud a chuireann ar chumas na bpobal teorann an fhaisnéis ábhartha a bhailiú agus gníomhú in oirchill rioscaí agus bagairtí a d'fhéadfadh a bheith ann don tslándáil choiteann inmheánach.

**- Líonra Gníomhaireachtaí CGB**

Thug an Coiste dá aire cur i láthair ó EIGE maidir le gníomhaíochtaí Líonra na nGníomhaireachtaí CGB[81] in 2018 agus ó Europol maidir le príomhthosaíochtaí Líonra Gníomhaireachtaí CGB in 2019 le béim ar idir-inoibritheacht, TFC, cursaí cibire agus an nuálaíocht. Bliain ina dhiaidh sin, chuir Europol i láthair na gníomhaíochtaí is ábhartha de Líonra Gníomhaireachtaí CGB in 2019[82], agus ag an am céanna chuir Eurojust príomhthosaíochtaí 2020 i láthair.

## 11. RÓL GHRÚPA TACAÍOCHTA COSI

Tacaíonn Grúpa Tacaíochta COSI le hobair COSI agus déanann í a éascú, laistigh de chreat Thimthriall Beartais an Aontais go háirithe. Ba cheart dó plé a ullmhú do COSI, trí mhíreanna (ar míreanna teicniúla iad go rialta) áirithe a shocrú, ar míreanna iad is féidir a láimhseáil ar leibhéal Ghrúpa Tacaíochta COSI nó tríd an bplé a chuíchóiriú do COSI. Saincheisteanna a dteastaíonn tuilleadh treorach ó COSI ina dtaobh, nó saincheisteanna de chineál straitéiseach, cuirtear faoi bhráid COSI iad lena bplé.[83]

## 12. CONCLÚIDÍ

Bhí COSI tiomanta i gcónaí dá ról lárnach maidir le háirithiú go gcuirfí an comhar oibríochtúil maidir leis an tslándáil inmheánach chun cinn agus go neartófaí é laistigh den Aontas. Lean COSI d'fhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme Thimthriall Beartais an Aontais agus den dul chun cinn a stiúradh. Beidh Timthriall Beartais 2018 - 2021 ina uirlis thábhachtach ag an Aontas sa chomhrac i gcoinne na coireachta eagraithe tromchúisí idirnáisiúnta sna ceithre bliana atá le teacht, agus ardán láidir ildisciplíneach á chur ar fáil aige don chomhar oibriúcháin idir an iliomad gníomhaithe. Beidh ról suntasach ag COSI sna chéad chéimeanna eile maidir le timthriall athnuaite beartais a bhunú agus a chur chun feidhme ag tosú in 2022.

Thairis sin, leanfaidh COSI de ról tábhachtach a bheith aige i bhforbairt na ndúshlán laistigh de shlándáil inmheánach an Aontais agus sna freagairtí is gá a thabhairt orthu i ndáil le go leor ábhar a thitfidh faoin gcéad fhoireann trí Uachtaránacht eile (An Ghearmáin, an Phortaingéil agus an tSlóivéin).

[81] 6422/19
[82] 5972/20
[83] 8900/17

## 13. IARSCRÍBHINN I – CRUINNITHE COSI & COSI-AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA EANÁIR 2019 – MEITHEAMH 2020

| CRUINNIÚ | DÁTA | CLÁR OIBRE | OOP |
|---|---|---|---|
| Grúpa Tacaíochta COSI | 04/02/2019 | CM 1318/1/19 REV 1 | |
| An Buanchoiste um an gComhar Oibríochtúil sa tSlándáil Inmheánach (COSI) | 21/02/2019 | CM 1319/19 | 6655/19 |
| COSI-An Coiste Polaitiúil agus Slándála | 21/02/2019 | CM 1607/19 | |
| Grúpa Tacaíochta COSI | 02/05/2019 | CM 2629/1/19 REV 1 | |
| Grúpa Tacaíochta COSI | 08/05/2019 | CM 2777/19 | |
| An Buanchoiste um an gComhar Oibríochtúil sa tSlándáil Inmheánach (COSI) | 14/05/2019 | CM 2632/1/19 REV 1 | 9401/19 |
| Grúpa Tacaíochta COSI-CIVCOM | 12/06/2019 | CM 2626/19 | |
| Grúpa Tacaíochta COSI | 22/07/2019 | CM 3245/19 | |
| Grúpa Tacaíochta COSI | 11/09/2019 | CM 3886/1/19 REV 1 | |
| COSI-An Coiste Polaitiúil agus Slándála | 25/09/2019 | CM 3875/1/19 REV 1 | |
| An Buanchoiste um an gComhar Oibríochtúil sa tSlándáil Inmheánach (COSI) | 26/09/2019 | CM 3876/2/19 REV 2 | 12662/19 |
| Grúpa Tacaíochta COSI | 11/11/2019 | CM 4549/1/19 REV 1 | |
| An Buanchoiste um an gComhar Oibríochtúil sa tSlándáil Inmheánach (COSI) | 19/11/2019 | CM 4550/19 | 14696/19 |
| Grúpa Tacaíochta COSI | 06/02/2020 | CM 1286/1/20 REV 1 | |
| An Buanchoiste um an gComhar Oibríochtúil sa tSlándáil Inmheánach (COSI) | 21/02/2020 | CM 1383/20 | 6658/20 |
| Grúpa Tacaíochta COSI | 11/05/2020 | CM 2092/20 (aighneachtaí i scríbhinn maidir le cóid atá á bhforbairt go fóill) | 9025/20 |
| An Buanchoiste um an gComhar Oibríochtúil sa tSlándáil Inmheánach (COSI) | 15/05/2020 | CM 2142/1/20 REV 1 (Iarraidh ar ranníocaíochtaí) | 9026/20 |
| Cruinniú Neamhfhoirmiúil VTC COSI | 15/05/2020 | 4775/20 | |

## 14. IARSCRÍBHINN II – GIORRUITHE

- IS: An Intleacht Shaorga
- ARO: An Oifig um Aisghabháil Sócmhainní
- CBRN: Ceimiceach, Bitheolaíoch, Raideolaíoch agus Núicléach
- CCC: Croíchuraclam Comhchoiteann
- CCWP: an mheitheal um chomhar custaim
- An Buanchoiste um an gComhar Oibríochtúil sa tSlándáil Inmheánach (COSI): An Buanchoiste um an gComhar Oibríochtúil sa tSlándáil Inmheánach
- CBSC: Misin faoin gComhbheartas Slándála agus Cosanta
- CT: An fhrithsceimhlitheoireacht
- SEGS: An tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí
- EIGE: An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne
- EIS: Córas Faisnéise Europol
- EMPACT: Ardán Eorpach um chomhar ildisciplíneach i gcoinne bagairtí coiriúla

EU CTC: Comhordaitheoir Frithsceimhlitheoireachta AE

EU SOCTA: Measúnú an Aontais Eorpaigh ar Bhagairt na Coireachta Tromchúisí agus Eagraithe

FTFanna: Trodaithe eachtracha sceimhlitheoireachta

CSI: An Ciste Slándála Inmheánaí

HVG: Deontas Ardluacha

- JADanna: Laethanta Gníomhaíochta Comhpháirtí
- Comhairle CGB: an Chomhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile
- LEA: Gníomhaireachtaí Forfheidhmithe Dlí
- LEWP: An Mheitheal um Fhorfheidhmiú an Dlí
- LVG: Deontais ar Luach Íseal
- CAI: An Creat Airgeadais Ilbhliantúil
- NEC: Comhordaitheoirí Náisiúnta EMPACT
- OAP: Plean Gníomhaíochta Oibríochta
- OCGanna: Grúpaí Coireachta Eagraithe
- OCCP: An tArdán um Chomhordú Coireachta Eagraithe
- CPS: An Coiste Polaitiúil agus Slándála

CFS: Córas Faisnéise Schengen

THB: Gáinneáil ar dhaoine

- TWP: An Mheitheal um Sceimhlitheoireacht
- DEA na Stát Aontaithe: United States Drug Enforcement Administration (US DEA)
- WB-RAN: Na Balcáin Thiar - Líonra um Fheasacht ar an Radacú

## 15. IARSCRÍBHINN III - EMPACT BILEOG EOLAIS GHINEARÁLTA OAPANNA 2019

EUROPOL PUBLIC INFORMATION

EMPACT

# GENERAL FACTSHEET OAPS 2019

### CRIMINAL FINANCES, MONEY LAUNDERING AND ASSET RECOVERY

**49** arrests
**Seized: €6 800 104** in cash.
Other: **18** vehicles, **165** cannabis plants
**Assets seized: 200** bank accounts frozen

**OPERATIONAL HIGHLIGHT: OP CARTON ROUGE**

**2** HVTs identified

### CYBERCRIME – ATTACKS TO INFORMATION SYSTEMS

**22** arrests
**7** international investigations/operations supported
**5** EMPACT action days executed
**1** OCG and **9** high-value targets (HVT)
**40 000** victims' data recovered, and **16** proxy servers identified; over **€550 000** in cash and cryptocurrencies
**Taken down:** multi-million euro cryptocurrency laundering service Bestmixer, illegal online platform The Wall Street Market, illegal online platform Valhalla Marketplace

**OPERATIONAL HIGHLIGHT: TAKE DOWN OF MULTI-MILLION EURO CRYPTOCURRENCY LAUNDERING SERVICE BESTMIXER**

Bestmixer was one of the three largest mixing services for cryptocurrencies. Achieved a turnover of at least **$200m** (approx. 27 000 bitcoins) in one year, guaranteeing customers' anonymity

### CYBERCRIME – CHILD SEXUAL ABUSE AND CHILD SEXUAL EXPLOITATION

**58** arrests
**39** victims identified
**Seized: 21** childlike sex dolls
**50%** increase of non-content files and warning files compared to 2018
**22.3%** reduction in child sexual abuse material/files thanks to non-content files and warning files uploaded

**OPERATIONAL HIGHLIGHT: VICTIM IDENTIFICATION TASKFORCE**

**19** victims identified and safeguarded, **1 914** series created and shared, **355** intelligence packages created

### CYBERCRIME – NON-CASH PAYMENT FRAUD

**475** arrests/detentions
**1 306** international investigations supported/contributed
**3** international operations supported/contributed
**1** OCG dismantled
**Identified: 60** HVTs, **1 370** fraudsters, **386** herders, **3 383** money mules, **4 757** victims
**€17.9m** fraud prevention
**Seized: €40 000** in cash
Other: 120 fake university diplomas and other counterfeit documents, computers, luxury watches and other jewellery
**Taken down: 300** Instagram accounts

**OPERATIONAL HIGHLIGHT: E-COMMERCE ACTION (ECOMM 2019)**

**60** arrests
Fraudulent transactions reported for a value of **€5 164 392.60**

### DOCUMENT FRAUD

**165** arrests
**4** print shops dismantled
**Seizures: 3 655** fraudulent documents
**Involved in: 9 JOINT ACTION DAYS**

**OPERATIONAL HIGHLIGHT: OP MARKO**

(Large-scale forgery of documents for migrant smuggling networks), **1** arrest, **1** fully equipped print shop dismantled
**198** passports **+ 3 200** biodata single pages of original Greek and foreign passports, **172** identity cards, **90** driving licences, residence permits. Equipment: paper laminating and cutting devices, ink, etc

### DRUGS - CANNABIS, COCAINE AND HEROIN

**283** arrests
**Seized: 37.2 tonnes** of cannabis resin, **10 tonnes** of cocaine, **8 tonnes** of acetic anhydride for heroin production, **500 kg** of heroin, **10 kg** of fentanyl, **€7m** in cash
Other: **4** yachts, **1** vessel, **103** vehicles
**Assets seized: 800** bank accounts frozen, **€27m** in properties and luxury goods

**OPERATIONAL HIGHLIGHT: OPERATION BEAUTIFUL**

**4 tonnes** of cocaine seized, **€2m** in cash seized, **800** bank accounts frozen, luxury goods worth **€6m**, properties worth **€20m**
Other: **3** yachts, **77** vehicles, **4** firearms

### DRUGS – NPS/SYNTHETIC DRUGS

**555** arrests
**Seized: 11.3 tonnes** of pre-precursors (MAPA), **2.4 tonnes** of cocaine, **2.5 tonnes** of cannabis, **682 kg** of MDMA, **229 000** ecstasy pills, **247 kg** of methamphetamine, **€7.5m** in cash and cryptocurrency
Other: **57** firearms, **16** cars and luxury goods
**7** illicit laboratories dismantled

**OPERATIONAL HIGHLIGHT: LARGE SCALE JAD**

**11.3 tonnes** of pre-precursors, **1.3 tonnes** of cocaine, **19 000** ecstasy pills,**10 kg** of amphetamine, **6 kg** of MDMA
**€60 000** in cash. Other: **6** firearms, **16** cars

EMPACT

## FACILITATED ILLEGAL IMMIGRATION

**2 601** arrests
**86** OCGs identified/dismantled
**Identified:** **19** facilitators, **508** over-stayers, **34** irregular migrants
**Seized:** **2 875** documents, **€1.2m** in cash. Other: **3 556** mobile phones, **1** vessel, **37** vehicles, **2** trucks, **2** vans, **21** tractors, **7** boat engines, **57** firearms, **983** pieces of ammunition, **200 000** cigarettes, drugs

OPERATIONAL HIGHLIGHT: INVESTIGATION CASE

**13** arrests, **86** OCGs identified/dismantled, **70** HVTs identified
**19** facilitators identified, **34** irregular migrants found,
**508** over-stayers detected, **12 534** entry refusals, **4** print shops identified and dismantled, **1 081** internet referrals, **389** criminal proceedings against sham marriages, mobile phones and documents seized

## ORGANISED PROPERTY CRIME

**1 251** arrests
**23** mobile organised crime groups dismantled
**Seizures and assets seized:** value of the seizures and assets seized: **€4 444 424**

OPERATIONAL HIGHLIGHT: OP PANDORA IV

**64** arrests, **28 000** cultural goods seized, **158** criminal investigations initiated

## TRAFFICKING IN HUMAN BEINGS

**825** arrests
**94** OCGs identified/dismantled
**Identified:** **1** HVT, **8 824** suspects, **1 307** potential victims (including 69 minors)
**Seized:** **€173 000**, **$2 500**. Other: **6** vehicles, computers, mobile phones
**Assets seized:** **€1.5m** frozen

OPERATIONAL HIGHLIGHT: LABOUR EXPLOITATION

**273** arrests, **323** potential victims identified, **100** new investigations

## MTIC FRAUD

**31** arrests
**12** OCGs identified/dismantled
**Tax evasion prevented:** **€8.7m**
**Seized:** **€2.2m** in cash, **15** tonnes of goods. Other: **1** truck
**Assets seized:** **€6.8m** seized/frozen

OPERATIONAL HIGHLIGHT: BALTIC REGION

**9** OCGs investigated, **€2.2m** in cash seized, vehicles and real estate worth **€1.8m**

## EXCISE FRAUD

**444** arrests
**Seized:** **5 215 710 kg** of designer fuel, **7 880 litres** of mineral oil, **32 571 kg** of ethanol-like liquid, **956 866 kg** of tobacco, **348 272 731** pieces of cigarettes, **12 965 litres** of vodka, **235** pallets of alcoholic beverages and soft drinks, **€979 234** in cash. Other: **104** trucks, **78** trailers, **58** cars, **3** vans, **75** forklifts, **11** ISO containers, **4** weapons, IT equipment, machinery, large quantity of ingredients for fuel laundering
**254** illicit tobacco production/storage/distribution facilities dismantled
**Assets seized:** machinery/equipment for illegal production of tobacco (**137** production lines, **75** packaging lines, **61** cutting machines, **22** generators and huge quantities of precursors), illegal fuel filling stations and equipment for fuel distribution, real estate, luxury vehicles worth **€1.6m**, **186** bank accounts frozen
**Tax evasion prevented:** **€370 361 417**

OPERATIONAL HIGHLIGHT: OPS CHAIN BRIDGE III/IV

**59** arrests, **5200 tonnes** of designer fuel, **€330 000** in cash and other assets seized, **186** bank account frozen
Other: **78** trucks, **78** trailers

## FIREARMS

**1 069** arrests
**Seized:** **6 072** weapons, **59** weapon parts, **31 369** pieces of ammunition and **121** cartridges, **15** explosive improvised devices, **99** hand grenades, **4** blocks of TNT, **9** sticks of dynamite, **€2 774 305** in cash, **€4m** in cryptocurrency, **€35 000** in gold. Other: **299.5 kg** of drugs, **25 866 kg** of cocaine, **188 000** pills, **80 kg** of heroin
**Taken down:** **50** dark web accounts

OPERATIONAL HIGHLIGHT: OP ARMES 72 AND WARDOGS

**152** arrests, **4 490** weapons seized, **9** sticks of dynamite, **€470 000** in cash

## ENVIRONMENTAL CRIME

**148** arrests
**3** OCGs identified/dismantled
**977** suspected individuals/legal entities identified
**Seized:** **30 tonnes** of contaminated fishes, **2 471 kg** of illegal fisheries, **240 kg** of glass eels, **13** fishing boats, **4** boats, **1 030** tonnes of lead acid batteries (**+ 9 630** tonnes under investigation), **224 207** batteries, **50 511kg** sets of solar batteries, **1 783.65 kg** of used batteries, **130** lithium batteries, **22** truck batteries, **12** car batteries, **340 kg** of waste, **23 394m³** of timber. Other: **3** tanks, **12** vehicles, 3 engines
**Assets seized:** **€2 691 648** illicit profit

OPERATIONAL HIGHLIGHT: OPS END OF LIFE BATTERIES

**15** arrests, **1** OCG dismantled, **5** potential HVTs identified
**Seized:** **1 030 tonnes** of lead acid batteries (**+ 9 630 tonnes** under investigation), **224 207** batteries, **50 511 kg** sets of solar batteries, **1 783.65 kg** of used batteries, **130** lithium batteries **22** truck batteries, **12** car batteries